Tá sprioc an-uaillmhianach leagtha síos againn os cionn 100,000 cuairteoir a mhealladh go hInis Píc roimh 2021. Áiríodh Inis Píc mar #2 i measc áiteanna a thaitneodh le turasóirí de réir Trip Advisor i 2016 agus mheall an áit os cionn 25,000 cuairteoirí a d'íoc airgead i rith shéasúr gearr 2016. Léiríonn an t-aiseolas dearfach a fuarthas an tionchar a bhí ag an bhforbairt agus an rath a bhí ar an tionscnamh seo eispéireas suimiúil ar leith a chruthú.
Tá SIDC dóchasach gur bhain Cuid 1 amach na cuspóirí a bhí leagtha síos acu - ceithre scéal a bhaineann le hInis Píc a bhfuil a bhfuil ceangal láidir eatarthu a chur trasna:

- **Daingean ar Oileán:** stair mhíleata Inis Píc
- **Príosún ar Oileán:** stair phionóis agus díbirt éigeantach ó Inis Píc
- **Cónaí ar Oileán:** stair shóisialta na bpobal ar Inis Píc
- **Cuan Chorcaí**: cuan sábháilte dóibh siúd ar fad a thuigeann a thábhacht straitéiseach.

Cuireadh Daingean Inis Píc – Cuid a 1 ar ghearrliosta **2016 Chambers Ireland - Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil**agus ghnóthaigh sé *Teastas Ardmhaolta* faoin gcatagóir **Ag Tacú le Turasóireacht** don dearadh agus dá nuálaíocht ghinearálta.

Cuireadh freisin ar an ngearrliosta muid do**Dhámhachtainí an Tionscail Turasóireachta in Éirinn 2017** faoin gcatagóir **Nuálaíocht Turasóireachta Fóillíochta is Fearr – Contae** agus fógrófar buaiteoirí na ndámhachtainí ar an 3 Feabhra 2017.

Tá muid dóchasach mar sin go bhfuil eispéireas tarraingteach, oscailte agus taitneamhach cruthaithe againn atá dírithe ar an gcuairteoir idirnáisiúnta agus baile a bhfuil suim acu i nithe dár gcultúr agus dár n-oidhreacht.. Ar a bharr sin, tá sé léirithe againn go bhfuil muid in ann táirge atá cruthaitheach agus nuálaíoch a chur ar fáil agus torthaí inbhraite agus inbhuanaithe a fháil maidir le:

- **Torthaí um Fhorbairt Gheilleagrach**
- **Torthaí um Eispéireas agus Nuálaíocht do Chuairteoirí**
- **Tacaíocht a thabhairt chun go mbainfí Torthaí Feasachta Branda amach.**

D'fhreagair SIDC glaoch ó Fháilte Éireann faoin **Scéim Deontas do Thionscadail Mhóra Turasóireachta 2016 – 2020** agus chuir sé isteach iarratas ar an 22 Lúnasa le haghaidh mhaoinithe **Chuid 2** a bhfuil meastachán caipitil de €7,150,000 (CBL as an áireamh) a roghnófaí ina dhá chuid, €5,362,500 (75% - Fáilte Ireland) agus €1,787,500 (25% - SIDC).

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.spikeislandcork.ie

## Tithíocht

**Bailiú Cíosa Tithíochta**
Fuarthas ioncam €16,612,374 ó chíos thithíochta i 2016 agus €1,632,087 eile ó mhaoine na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC).
Ba é an meánráta bailithe cíosa don chontae ná 93.45%.

**Leithdháilte Tithíochta**
Rinneadh os cionn 320 aonad a leithdháileadh ar iarratasóirí rathúla i 2016.. Áiríodh leo seo leithdháilte d'aonaid a sholáthraigh na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, maoine NARPS agus stoc Tithíochta Sóisialta na Comhairle féin.

**Tithe Neamhshealbhaithe**
Rinneadh athchóiriú ar 234 mhaoin neamhshealbhaithe san iomlán i 2016 agus díobh seo, cuireadh deis ar 107 maoin de chuid na Comhairle trí shruthanna cistiúcháin a chuir DHPCLG ar fáil le go gcuirfí maoine neamhshealbhaithe chun úsáide táirgiúil.

**Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas**
Fuair an Chomhairle leithdháileadh de €809,153 chun maoine de chuid na Comhairle a athchóiriú, suim a chur san áireamh 10% den iomlán ón Údarás Áitiúil. I 2016, cuireadh i gcrích oibreacha ar 135 teach údarás áitiúil san iomlán chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas.

**Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh**
Faoi scéim éifeachtúlachta fuinnimh an DHPCLG, chuir an Roinn Tithíochta i gcrích oibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar 1621 teach údaráis áitiúil ar chostas €2.46 milliún.

**Léasú**
Cothaíonn léasú mar bhealach chun tithíocht shóisialta a sholáthar roghanna maidir le líon na tithíochta sóisialta a chuirtear ar fáil a mhéadú. Faoi láthair, tá 739 aonad tithíochta inacmhainne nár díoladh ligthe amach ar léas chuig na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Chomh maith leis sin, cuireadh ar fáil 54 aonad nua tríd scéimeanna léasaithe eile i 2016.

**Scéim Cúnaimh Caipitil**
Rinneadh €3,288,600 san iomlán a cheadú faoi Ghairm Tograí 2015-2017. Tá 78 Aonad á chur chun cinn faoi láthair faoin scéim agus cuireadh ar fáil 8 n-aonad nua go dtí seo.

**SCC**
Faoi dheireadh 2016, aistríodh 1640 tionónta chuig Cóiríocht SCC i gContae Chorcaí ónar cuireadh tús leis an scéim. Rinneadh 800 iniúchadh ar mhaoine sa chontae i rith 2016.

**An Clár um Chúnamh do Dhaoine gan Dídean (HAP)**
Leanadh ar aghaidh an Scéim a chur ar fáil ar fud na tíre i rith 2016. D'aistrigh 1,750 teaghlach chuig an HAP ónar tosnaíodh é.

**Easpa dídine**
Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle Chathair Chorcaí agus le Comhairle Contae Chiarraí i gcónaí chun dul i ngleic leis an easpa dídine ar bhonn réigiúnach tríd an nGrúpa Bainistíochta Straitéiseach um Easpa Dídine agus tríd an bhFóram Réigiúnach um Easpa Dídine.

**Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach)**
Tógadh isteach an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach) ar an 1 Eanáir 2016. Fuair timpeall is 5,680 tionónta atá ag sealbh maoine a d'fhéadfaí a dhíol paca faisnéise.

**Deontais**
Leithdháileadh €4.6m ar Chomhairle Contae Chorcaí i 2016, le 20% den mhaoiniú ag teacht óna cuid acmhainní féin. Fuair an Chomhairle os cionn 1,000 iarratas agus d'íoc sí amach 600 deontas i 2016.

**Bainistíocht Eastáit**
Lean an tAonad Bainistíochta Eastáit ar aghaidh ag obair leis na Cumainn Áitritheoirí i rith 2016 chun eastáit a fheabhsú. Leithdháiltear maoiniú ar Chumainn Áitritheoirí ghníomhaíocha chun cúnamh a thabhairt dóibh do na costais a thabhaítear.

**Taistealaithe**
De réir Plean Cóiríochta Chomhairle Contae Chorcaí do Thaistealaithe 2014-2018, rinneadh athbhreithniú meántréimhseach sa cheathrú cuid de 2016 chun an t-eolas is deireanaí a fháil maidir le riachtanais chóiríochta taistealaithe.

### Sealbhuithe Tithíochta
Fuair Comhairle Contae Chorcaí seilbh ar 98 aonad le haghaidh Tithíocht Shóisialta i 2016, faoi théarmaí na Straitéise i leith Tithíocht Shóisialta. Áirítear leis seo 9 n-aonad Inacmhainne nár Díoladh a athraíodh go stoc Tithíocht Shóisialta buan iad.

### Ionadaíochtaí Comhaltaí Tofa
Fuarthas, próiseáladh agus freagraíodh 3,148 ionadaíocht i rith 2016. Ba mhéadú 7% é seo ar an líon a fuarthas i 2015.

### Clár Tógála
Lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag cur chun cinn a clár tógála i rith 2016. Tá os cionn 350 aonad ag céimeanna difriúla den phróiseas pleanála agus forbartha.

### Coiste um Beartais Straitéiseacha
Chruinnigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha le chéile 4 huaire i rith 2016. Rinneadh plé ar nithe ar nós Léasú Rogha Tithíochta, Scéim Cheannaigh Incriminteach ag Tionóntaí, Scéim Dheisiúcháin agus Léasaithe agus spriocanna faoin Straitéis Tithíochta. Tugadh an t-eolas is deireanaí faoi cheisteanna ar nós an Mheastúcháin Riachtanas Tithíochta 2016 agus an Straitéis um Easpa Dídine. Bhí díospóireacht ann maidir leis an Straitéis um Iompar Frithshóisialta agus maidir le Beartas Leithdháilte na Comhairle agus seoladh doiciméid nuashonraithe ón gCoiste um Beartais Straitéiseacha chuig an gComhairle iomlán lena ndaingniú.

## Comhshaol

I 2016, chuir an stiúrthóireacht comhshaoil réimse leathan clár monatóireachta, iniúchaidh agus feasachta i gcrích thar réimsí difriúla;

### Aer
Rinneadh rialú agus monatóireacht ar réimse ghníomhaíochtaí incheadúnaithe faoi na hAchtanna um Thruailliú Aeir;

- 16 Thionscal
- 24 Thirimghlantóirí
- 43 Phéintéir Spraeála
- 44 Stáisiún Peitril
- 1000+ Ionad Díolta Breosla Sholadaigh

Ar a bharr sin, pléigh muid le 119 gearán bainteach le haer agus torann.

### Fuinneamh




I 2016, ba í Comhairle Contae Chorcaí an chéad Údarás Áitiúil in Éirinn a bhfuil creidiúnú ISO50001 aige, an caighdeán idirnáisiúnta do bhainistíocht fuinnimh; ciallaíonn sé seo go bhfuil a gcuid ceanglas reachtacha comhlíonta aige faoi Rialacháin Éifeachtúlachta Fuinneamh an AE roimh an sprioc.

### Feasacht Chomhshaoil
Lean an Chomhairle ar aghaidh le tionscnamh na Scoileanna Brait Ghlas agus bronnadh 94 brat i 2016; tá 342 scoil cláraithe faoin gclár.

Cuireadh i gcrích agus tugadh tacaíocht do réimse leathan eachtraí agus tionscnamh freisin;

- Mí na hAthúsáide Carraig Uí Leighin
- Ceardlanna Athúsáide in Iarthar Chorcaí
- Feachtais Athúsáide clúidíní
- Ceardlanna Scoile Ionad Oideachais Fhóite
- Clár feasachta maidir le dabhacha séarachais atá lonnaithe gar do thránna

D'fhreastail pearsanra Comhshaoil 2 lá Seó Samhraidh Chorcaí ar an 18 & 19 Meitheamh 2016 chun feasacht níos fearr ar na rudaí seo a leanas a chur chun cinn:

- Úsáid shábháilte de Lotnaidicídí,
- Bainistíocht Dabhacha Séarachais, &
- Cúram Soláthair Uisce Phríobháideacha.
- Tionscnaimh um Leas Ainmhithe



Grianghraf: Foireann ón Stiúrthóireacht Chomhshaoil ag Seó Samhraidh Chorcaí 2016

### Sábháilteacht Tréidliachta & Bia

- Cuir ar fáil clár iniúchaidh ar fud 75 áitreabh bia cláraithe.
- Monatóireacht leanúnach faoi chonradh ar son Údaráis Shábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI).
- Riar os cionn 28,000 ceadúnas madraí.

### Dramhaíl Ghuaiseach Teaghlaigh

I 2016, lean an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú 11 Ionad Fóntas Poiblí agus os cionn 150 Ionad Fág Anseoar fud na tíre.

Líon na gcuairteoirí ar Ionaid Fhóntais Phoiblí: 262,127
Tonáiste an ábhair a bailíodh ag suíomhanna na nIonad Fóntais Poiblí;
13,484 tona d'ábhair in-athchúrsáilte
9,496 tona dramhaíle
Ábhar in-athchursáilte a bailíodh ag ionaid fág anseo: 6,253 tona
Sa bhliain inar ceiliúradh 20ú bliain an Dúshláin Bhruscair Bhliantúil, bhuaigh Sráid an Mhuilinn agus An Mhaoilinn na dámhachtainí don bhaile agus don sráidbhaile is fearr faoi seach.

### Uisce

2016 in uimhreacha:

- Glacadh 966 sampla ó 177 soláthar uisce poiblí - rinneadh anailís ar 18,218 paraiméadar.
- 950 Iniúchadh ar Fheirmeacha
- Glacadh 207 sampla ó 160 scéimeanna grúpa príobháideacha agus ó soláthair bheaga uisce eile
- 213 sampla ó thránna
- 102 iniúchadh ar dhabhacha séarachais thithe chónaithe
- Glacadh 2050 sampla ó 149 córas cóireála fuíolluisce
- 213 iniúchadh ar chórais chóireála fuíolluisce phríobháidigh.

Bronnadh an Brat Gorm ar 5 uisce snámha don séasúr 2016; Bá na hEornan, Tráigh Omna, Inse Duine, Abha na hInse agus Garraí Lúcáis.
Bronnadh an Dámhachtain Cósta Glan ar 10 trá; Redstrand, Baile Riosóid, Galleycove, An Dúinín, Rinn Mhuintir Bháire, Garinis, Trá Oirthear Inse Duine, Cuan Oisrí, Rinn an Chiniféicigh, Ard na hInse/An Seangharraí agus Trá na hInse.
Ag teacht leis an traidisiún fada atá againn barr feabhais i seirbhísí saotharlainne a chur chun cinn, fuair saotharlann fuíolluisce na Comhairle creidiúnú (ISO 17025). don 25ú bliain as a chéile.

**Coiste um Beartais Straitéiseacha**

Chruinnigh Coiste um Beartais Straitéiseacha na Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála le chéile 4 huaire i rith 2016. Glacadh le beartais ar nós an Chláir Bhliantúil um Iniúchadh Comhshaoil 2016 agus Straitéis Feasachta Comhshaoil 2016 - 2020. Seo a leanas ábhair maidir le beartais a ndearnadh machnamh orthu;

An Beartas Náisiúnta Bailithe Dramhaíola Íoc de réir Meáchain
Tograí maidir le húsáid mhalartach Láithreán Líonadh Talún Chnocán an Bhuidéil
Beartas Ainmniú & Náire do chaitheamh bruscair
Bainistíocht Bruscair - Beartas Smachtaithe maidir le Comharthaíocht
Truailliú ó Thorann ar Bhóithre Náisiúnta
Beartas maidir le Monatóireacht caighdeán an aeir thimpeallaigh

Leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag déanamh scrúdaithe ar roinnt de na hábhair seo i 2017.

Bunaíodh foghrúpa den Choiste um Beartais Straitéiseacha i mBealtaine 2016 chun breathnú ar ról na Comhairle maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha. Tháinig an foghrúpa seo le chéile 4 huaire ó Lúnasa go deireadh na bliana. Tionólfar cruinnithe eile den ghrúpa i 2017 agus cuirfear tuarascáil le moltaí beartais faoi bhráid an Choiste chun go bpléifí agus go nglacfaí leo.

Grianghraf d'Fhoireann na Saotharlainne Fuíolluisce ag ceiliúradh 25 bliana de chreidiúnú



## Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona

Is í aidhm Leabharlann Contae Chorcaí pobail a chumasú tríd rochtain a thabhairt ar acmhainní oideachais agus eolais a thugann léargas dóibh agus a shaibhríonn a saolta. Déantar é seo tríd litearthacht agus grá don léitheoireacht a spreagadh agus a chur chun cinn, agus tríd acmhainní a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha Chontae Chorcaí a bhailiú agus a chaomhnú. I rith 2016, tugadh faoi na haidhmeanna seo ar bhealaí éagsúla, mar shampla tríd thabhairt isteach ballraíocht saor in aisce do chách, tríd chur ar fáil acmhainní leictreonach i bhfad níos fairsinge agus tríd chur i gcrích *Céad Bliain ag Fás*, clár eachtraí do chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Is léir go raibh tionchar dearfach ag na cláir agus tionscnaimh seo ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar bhallraíocht na leabharlainne, ar líon na n-eisiúintí agus ar an líon daoine a thug cuairt ar learbhlanna.

***Staidreamh le haghaidh 2016:***

Eisiúintí 1,754,081

Cuairteoirí 1,723,354

Ballraíocht 64,192

Seisiúin Idirlín, lena n-áirítear seisiúin wifi 101,659

### Ballraíocht saor in aisce

Bhí lúcháir ar Chomhairle Contae Chorcaí ballraíocht leabharlainne saor in aisce a thabhairt do chách ó Eanáir 2016. Ba chuid é seo don tionscnamh náisiúnta *Deiseanna do chách*, fáil réidh le táillí ballraíochta agus leis na constaicí airgeadais ar fad a chuireann cosc ar dhaoine rochtain a fháil ar sheirbhísí leabharlainne agus earraí a fháil ar cíos ó leabharlanna. Le ós cionn 1 milliún leabhar, iris, nuachtán agus bailiúchán eile, i gcló agus i bhformáidí leictreonacha, tá go leor buntáistí ag baint le ballraíocht.

### Acmhainní nua ar líne

Tugadh isteach acmhainní leictreonacha nua freisin ó Eanáir 2016, rud a chur go mór le tairiscint na leabharlainne ar líne do bhaill. Áirítear leo seo an córas foghlaim teangacha Mango, a thairiscíonn éagsúlacht mhór chúrsaí i 71 teanga éagsúla, ón Airibis go dtí an Ghiúdais. Rud nua eile atá á thairiscint ag an leabharlann ná Universal Class, seirbhís ar líne a thairscíonn os cionn 500 cúrsa oideachais leanúnach, i réimsí ar nós an Ghnó, na Tuismitheoireachta, an leighis mhalartach agus Cúram Peataí. Tugann Proquest, bunachar sonraí ar líne de nuachtáin, náisiúnta agus idirnáisiúnta, rochtain ar ailt iomlána ar réimse leathan ábhar trí chuardaigh eochairfhocail. Bhí méadú an-mhór ar eisiúint acmhainní leictreonacha i gcomparáid leis na blianta roimhe seo, le heisiúintí closleabhair agus irisí leictreonacha ag dúbláil agus eisiúintí leabhair leictreonacha ag méadú faoi thrí, rud a thaispeánann na buntáistí a d'fhéadfadh teacht ó níos mó infheistíochta a dhéanamh sa réimse seo.

### *Céad Bliain ag Fás* - comóradh céad bliain 1916 ag Leabharlann Contae Chorcaí

Sheol an Méara, an Comhairleoir John Paul O'Shea, i láthair an Phríomhfheidhmeannaigh, Tim Lucey, agus Cathaoirleach Uile-Pháirtí 1916, an Comhairleoir Frank O'Flynn, chomh maith le haíonna oirirce eile, clár eachtraí ag comóradh céad bliain 1916 Leabharlann Contae Chorcaí, *Céad Bliain ag Fás*, ag ceannáras na Leabharlainne ar an Mháirt 26 Eanáir. Ba í aidhm an chláir ná scrúdú a dhéanamh ar stair na linne sin

gan dearmad a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn le 100 bliain anuas agus an Éire ina maireann muid inniu. Spreag an clár machnamh ar ghnéithe éagsúla de choincheap na réabhlóide le go mbeadh gach duine in ann páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí. Seoladh liosta léitheoireachta comórtha na Leabharlainne, *Revolutionary Reads*, ar an lá agus bronnadh duaiseanna ar bhuaiteoirí an chomórtais 'Dearaigh cárta comórtha' inar ghlac daoine fásta agus pháistí páirt ann. Le bailchríoch a chur ar an mbliain, ag Vertigo, Halla na Cathrach, tharla babhta deiridh chomórtas thráth na gceist na mbunscoileanna ina raibh 23 fhoireann ó bhunscoileanna ar fud na tíre in iomaíocht don chraobh. Buaicphointe eile den bhliain ba é an taispeántas a léirigh an fhoireann Staidéir Áitiúil, *Southern Echoes of 1916,* agus forbairt agus cur i láthair seó ilsiamsa ceoil agus nuacht ón am sin, *The Way We Were*.

### Foilseacháin stair áitiúil agus ginealas

D'fhoilsigh Leabharlann Contae Chorcaí leabhar neamhfhicsean i rith 2016 dar teideal *Too Beautiful for Thieves and Pickpockets: a history of the Victorian convict prison on Spike Island.* Is toradh an leabhar seo ar na blianta taighde a rinne na húdair Cal McCarthy agus Barra O'Donnabhain, bunaithe ar thaifid oifigiúla stairiúla agus ar thochailtí seandálaíochta ar an láthair, ina thugtar léargas cuimsitheach ar stair na hinstitiúide pionósaí míchlúiteach sin agus ar na daoine a bhí baint acu léi. Seoladh an leabhar i Mí na Bealtaine agus tá sé ar díol i siopaí leabhair áitiúla, náisiúnta agus ar líne, agus ar Inis Píc chomh maith. Ba é an dara foilsiúchán a rinne Leabharlann Contae Chorcaí ná leabhrán dar teideal *Walking in the Footsteps of your Ancestors,* leabhrán a thugann eolas bunúsach do dhaoine atá ag iarraidh taighde a dhéanamh ar stair a mhuintire. Tá an foilseachán seo le fáil saor in aisce ag gach leabharlann brainse.

### Athoscailt fhoirmeálta Leabharlann an Chóibh

Ba thoradh ar phróiseas fada chaomhnaithe agus forbartha athoscailt Leabharlann an Chóibh ag Méara Contae Chorcaí, An Comhairleoir Seamus McGrath, i 2016. Tá leabharlann an Chóibh lonnaithe i bhfoirgneamh stairiúil an Áirse, iar-theach margaidh agus foirgneamh liostaithe. Cuireadh tús i 2012 le Céim 1 den tionscnamh athchóirithe mór seo, inar déanadh obair phráinneach taobh amuigh den fhoirgneamh le go gcaomhnófaí a charachtar foirgníochta agus ailtireachta. Is í Comhairle Contae Chorcaí a mhaoinigh an obair seo le cúnamh deontais ón DECLG. Chomh luath agus a raibh tuilleadh chúnamh deontais ar fáil ag deireadh 2013, cuireadh tús le Cuid 2 den obair. Oibreacha struchtúracha taobh istigh a bhí i gceist le hathchóiriú cosmaideach iomlán ar an chéad urlár, chun go gcloífí leis na riachtanais sláinte agus sábháilteachta, sábháilteacht dóiteáin agus rochtaine ar fad. Cuireadh i gcrích Cuid 2 i 2015 agus, dá bharr, cuireadh an leabharlann ar ais ina háit bhunaigh, agus í athchóirithe go hálainn, le láthair speisialta d'eachtraí agus do thaispeántais.

### Scéim um Dheontas Ealaíona

Cuireadh maoiniú €154,000 san iomlán ar fáil do 132 eagraíocht ealaíona tríd an Scéim um Dheontas Ealaíona i 2016. Bronnadh an Sparántacht d'Ealaíontóirí Cruthaitheacha ar Ian Wilson, cumadóir, Luke Murphy, ealaíontóir damhsa, David Creedon, grianghrafadóir, Will Flanagan, ealaíontóir Sorcais, Pat Collins, scannánóir agus Michael Holly agus Anne French, ealaíontóirí.

### Ciste Phobail Chruthaitheacha na gCeantar Bardasach

Cuireadh an Ciste um Phobail Chruthaitheacha le buiséad na comhairle do 2016 leis an gcuspóir ar leith maoiniú a chur ar fáil chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha a thacú i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha
Achoimre de na Cuspóirí Ginearálta

- Cinntiú go gcuirfear ar fáil maoiniú ealaíona spriocdhírithe chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ealaíona fhorbartha atá pobalbhunaithe i ngach ceann de limistéir na gCeantar Bardasach, agus chun cabhair a thabhairt don Chomhairle pobail níos comhtháite, níos fuinniúla, lán de spiorad agus bród a chur chun cinn ag baint úsáide as buanna ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona áitiúla.

- Cumas a chothú i bpobail tabhairt faoi thionscnaimh ealaíona d'ardchaighdeáin,

atá ábhartha do na pobail sin agus a bhfuil sé de chumas acu na pobail áirithe sin a spreagadh.

- Comhoibriú ealaíona a chur chun cinn a chothóidh teagmhálacha dáiríre idir an phobal, ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona.

- An leibhéal rannpháirtíochta sna healaíona a mhéadú, go ginearálta, agus na bacanna ar rannpháirtíocht sna healaíona lena n-áirítear, ach nach iad seo amháin atá i gceist, áit chónaithe, cúlra sóisialta, eitneachas, míchumas, srl.

Fuair 20 Tionscnamh maoiniú tríd an Scéim seo i 2016

## Coiste um Beartais Straitéiseacha do na hEalaíona, don Chultúr agus do Theangacha

I measc na gceisteanna a phléigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha do na hEalaíona, don Chultúr agus do Theangacha i 2016, bhí :

- Forbairt bheartais rialúcháin do Chiste na bPobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach
- Rannpháirtíocht in ullmhúchán an Scannán Poiblí 'An Scéim Teanga' i gCorcaigh. Léargas ginearálta ar an straitéis fhorbartha don Choimisiúin
- Plean na nDeich mBliain Chomóraidh
- Iarratais curtha isteach don Straitéis Chultúrtha Náisiúnta 2016-2025

## Comóradh 1916

I measc na dtionscnamh a bhain le comóradh 1916 a d'fhorbair an Oifig Ealaíona, bhí:
Dráma nua a chruthaigh Lantern Productions bunaithe ar shaol Thomás Ceannt, an t-aon óglach de chuid Éirí Amach 1916 a cuireadh chun báis in áit eile seachas Baile Átha Cliath. Chuaigh an dráma ar chamchuairt le foireann aisteoirí proifisiúnta go Mainistir Fhear Maí, Ros Mór agus Maigh Chromtha agus ghlac an lucht féachana go bríomhar leis.
Thug an Oifig Ealaíona tacaíocht agus comhairle don Fhéile Ortus le haghaidh coimisiúin cheol nua ó Sam Perkin, cumadóir as Corcaigh, ag déanamh tagairt d'eachtraí 1916. Eagraíodh ceolchoirmeacha san Eochaill, i Mainistir na Corann, sa Chóbh agus i Halla na Cathrach agus fuair siad tacaíocht freisin ó ghrúpa óige chomóradh 1916.

## An Oíche Chultúir

Is éard is an Oíche Chultúir ann ná ceiliúradh náisiúnta de na hEalaíona. Tá Oifig Ealaíona na Comhairle freagrach as eagrú agus comhordú eachtraí a tharlaíonn ar fud an chontae. I mbliana, eagraíodh 55 eachtra i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. I measc na mbuaicphointí, bhí:

1. Tráthnóna Siamsaíochta do Pháistí arna eagrú ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí in Ionad Cultúrtha an Dr. Ó Loingsigh; chuir banna Idirnáisiúnta ceol tíre comhaimseartha, This Is How We Fly, gliondar ar an lucht éisteachta cairdiúil ag Ionad Ealaíon Sirius, an Chóbh.
2. D'eagraigh Ionad Ealaíon an Mheal, san Eochaill, léiriú de chuid Cór na hEochaille in Eaglais Choláisteach Naomh Mhuire
3. D'eagraigh M'Town, spás nua ealaíona pobail i mBaile an Mhistéala, oíche chultúrtha taitneamhach le léiriú ó bhanna ceoil áitiúil, maidhc oscailte, ealaíona agus ceardaíocht, taispeántas grianghrafadóireachta, agus bia ó phobail inimirceacha éagsúla.
4. D'eagraigh Comharghrúpa Ealaíon Mhala sraith eachtraí san iarnóin agus sa tráthnóna ina measc Ceolchoirm don Oíche Chultúir in Eaglais San Séamas inar ghlac Banna Píob Thomáis Dáibhis, Cór Mhagh Ealla, Noely Ward & Ollie Buckley, Cuisle Avondhu agus Fóram Comhtháite Mhala páirt ann.
5. Reáchtáil an Fhondúireacht Cope i gCloich na Coillte ceardlann drámaíochta uileghabhálach leis an aisteoir Alison Glennie.

## Amharcealaíona

Tharla clár Físiúil Mhaigh Chromtha 2016 i Mí Iúil, Lúnasa agus tús Mheán Fómhair Eagraíodh dhá thaispeántas. Léirigh Norah Norton Iveleary, taispeántas a chaith súil siar ar shaothar an ghrianghraifeadóra imircigh Dan McCarthy a chur le chéile sraith aistí grianghraifeadóireachta in Inse Geimhleach agus sa dúiche máguaird i rith na

1950í, 60í agus 70í. . Léirigh Tina Darb iNNOVATE, taispeántas de shaothar deartha nua de chuid dearthóirí as Corcaigh a tharla mar i rith imeachtaí Mhí Ceardaíochta Chorcaí
Léirigh Marc O'Sullivan, iar-chriticeoir ealaíon an Examiner taispeántas iardhearcach de shaothar John Kingerlee i mBaile Chaisleáin Bhéarra mar pháirt d'Fhéile athnuaite Ealaíon Bhéarra.
Sraithe Ghailearaí LHQ, a thaispeáin 30 bliain de thaispeántais thaistil as bailiúcháin údaráis áitiúla. Eagraíodh trí thaispeántas as bailiúchán na Comhairle Ealaíon, *priontaí Estella Solomons* , *The Schools Show* agus an taispeántas *Heroes* .
Thaispeáin Tomasz Madajczak, grianghraifeadóir, saothar a chruthaigh sé le Cumann na mBodhar Corcaigh a phléigh míthuiscintí faoin teanga chomharthaíochta. Chuaigh taispeántas grianghrafadóireachta de chuid Andrew Bradley ar shaothar Joseph Walsh, an déantóra troscáin, ar chamchuairt i mBrainsí Leabharlainne an Chontae

### Forbairt Ealaíon

I Mala, i Mí Iúil 16 & 23 agus Lúnasa 6 & 14, tharla *The Living Space Project*, sraith eachtraí ealaíon a ceapadh d'fhonn rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a spreagadh. Ghlac ealaíontóirí proifisiúnta, agus grúpaí ealaíon óige agus pobail ón gceantar páirt sa tionscnamh. Baineadh úsáid chruthaitheach as spásanna poiblí i Mala le heachtraí ar Phlás Mala, ar Chearnóg an Mhargaidh, ar Shráid Thomáis Dáibhis, i Leabharlann Mhala agus i dTailte Chaisleán Mhala.

### Cónaitheachtaí Ealaíontóirí

Thosaigh Tom Weld, ealaíontóir, a chónaitheacht bhliana ag Ospís Marymount le húsáideoirí na seirbhíse faoisimh san Ospís faoin téama Laochra. Ealaíon ag deireadh an tSaoil:
Lean an Oifig Ealaíon leis an gclár cónaitheach comhleanúnach ar Oileáin Iarthar Chorcaí a bhfuil Cónaí Iontu leis na healaíontóirí Angie Shannahan, Eileen Singleton agus Jacqueline O'Driscoll ag obair ar feadh tréimhse bhreisithe ama ar an Oileán Mór, ar thionscnamh ilmheánach a dhírigh isteach ar chuimhní trí cheardlann agus taispeántas a eagrú chomh maith le taispeántas i nGailearaí Sara Walker i mBaile Chaisleáin Bharra ar na gaobhair.
Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do Chónaitheacht Dhamhsa Iarthar Chorcaí a bainistiú ag Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

### Na Taibhealaíona

Mhaoinigh an Oifig Ealaíon Cúigréad Hydra, le go gcasadh ensemble cheoltóirí óga cumasacha as Corcaigh ag féilte agus in ionaid mar pháirt de shraith cheadal i rith an tsamhraidh. Chas an cúigréad ag Féile Ealaíon an Sciobairín, ag Scoil Samhraidh Daniel Corkery, agus ag Féile Naomh Bhearcháin. Eaglais San Séamas Mala, Ionad Ealaíon Sirius agus Ionad Ealaíon an Mheala. Don tseachtain Oidhreachta mhaoinigh an oifig Ealaíon an ensemble luathcheoil The Hibernian Muse chun ceol a chasadh san Eochaill, i Mainistir na Corann, i gCill Uird, i gCóbh agus i Mala.
I réimse na hamharclannaíochta, is comhoibriú seanbhunaithe an Féile West Cork Fit-Ups idir an Oifig Ealaíon agus comhlacht amharclannaíochta Blood in the Alley, comhoibriú a ceapadh chun drámaíocht phroifisiúnta a thabhairt go dtí áiteanna i gceantair tuaithe. Tá lucht leanúna dílis áitiúil bailithe ag an bhféile seo le hocht mbliana anuas agus tá feasacht air go náisiúnta.
Leathnaíodh an fhéile amach chuig Tuaisceart agus Oirthear Chorcaí ar bhonn trialach i 2016. Rinneadh léirithe de thrílóg Fishamble agus Pat Kinevane, 'Forgotten', 'Silent' agus 'Underneath'. Léiriú Red Bear de 'HARDER, FASTER!' MORE’ ‘Those You Pass On The Street’ ó Kabosh Theatre agus ‘My Real Life’ ón Amharclann Ríoga, Port Láirge, ar Inis Uí Drisceoil'. Léiríodh na drámaí sna háiteanna seo a leanas: Inis Píc, an tOileán Mór, Inis Arcáin, Faoide, Cill Chrócháin, an Góilín, an Ghleann Gharbh, Tigh Molaige, Dún na Séad agus Béal an Dá Chab, agus i dTuaisceart agus Oirthear Chorcaí i Mainistir Fhear Maí agus san Eochaill.
Mhaoinigh an Oifig Ealaíon forbairt shaothar nua damhsa de chuid Luke Murphy freisin.

## Ealaíon sa tSláinte

Lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag glacadh páirt sa chlár Ealaíon don tSláinte Iarthar Chorcaí i bpáirtíocht le hIonad Ealaíon Iarthar Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Chorcaí agus FSS an Deiscirt. Cuirtear ar bun an clár in aon cheantar tuaithe déag ó cheann ceann an chontae, i gcúig Ospidéal Pobail, in Ospidéal Bheanntraí agus i gcúig Ionad Cúram Lae in Iarthar Chorcaí. Treoiríonn foireann idirdhisciplíneach ealaíontóirí an clár agus is é Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí a chomhordaíonn é.

## Clár Ealaíon na Leabharlainne

- Chuir an t-údar as Corcaigh, Billy O'Callaghan tús leis an gclár cónaitheach leabharlannbhunaithe i mí Aibreáin. Mar

chuid dá chónaitheacht, chuaigh sé i mbun oibre le scríbhneoirí aonair agus le grúpa scríbhneoirí leabharlannbhunaithe i nDroichead na Bandan, sa Sciobairín, i mBaile an Mhistéala agus i Mainistir na Corann.
- Tá an Oifig ealaíon freagrach as foilsiúcháin bliantúil de bhailiúchán Gearrscéalta na Leabharlainne agus na Seirbhíse Ealaíon. Seoladh an teideal 'Bunker and other Stories', an 13ú heagrán de shraith ghearrscéalta Leabharlann an Chontae agus na Seirbhíse Ealaíon i mí na Bealtaine. Foilsítear fiche gearrscéal nár foilsíodh roimhe sa chnuasach seo agus tá sé oscailte d'aon scríbhneoir atá bunaithe in Éirinn.
- Cuireann an Oifig Ealaíon seirbhís cláreagraithe ealaíon ar fáil i ngach ceann de na 28 mbrainse den leabharlann sa chontae. Áirítear sa chlár seo Bealtaine, Ealaíona an tSamhraidh, Féile Leabhair na nÓg inar ghlac na húdair do pháistí Kieran Mark Crowley, Judi Curtin, Carmel Ui Cheallaigh, Gerard Whelan, Marita Conlon McKenna, Paula Leyden, Wayne O'Connor, Ann Dalton, Sheena Wilkinson, E.R Murray, Alan Early agus Sarah Murphy páirt ann.

### Ealaíontóir san Oideachas

I measc na dtionscnamh i 2016, bhí:

- Cumadóir sa Seomra Ranga: Ceithre thionscnamh cumadóireachta i scoileanna dara leibhéil i Mala agus Gleann Maghair ó mhí Eanáir ar aghaidh agus i nDroichead na Bandan agus Mainistir na Corann ó Mheán Fómhair ar aghaidh.
- Tuning Up an t-ainm atá ar chlár na Comhairle do Cheol sna Scoileanna. I 2016, ghlac London Chamber Brass, Redmond O'Toole agus Kim Sheehan, The Ortus trio, Eagda Ensemble agus an Irish Guitar Quartet based woodpecker recorder quartet páirt sa chlár.
- Tionscnamh a dhéantar i bpáirtíocht le hAaran Towers, ball de Siorcas Chorcaí tráth, is ea Theatrix (Siorcas i scoileanna). Ghlac 12 scoil páirt sa chlár seo i 2016

### Forbairt Ghairmiúil

Léiríodh an chuid dheiridh de *Unfold* i dtaispeántas ag Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, tionscnamh rannpháirtíochta oiliúna agus cruthaitheach a thugann deis do thrí amharc-ealaíontóirí bunaithe sa chontae obair a dhéanamh le Déantóirí Priontaí Chorcaí Na healaíontóirí bainteach ná Simon English, Rob Monaghan agus Sarah O'Brien, a d'oibrigh le déantóirí priontaí Johnny Bugler, Rosie Cleary agus Dominic Fee.
I 2016, chuir an Oifig Ealaíon i gcomhar lenár rannóg Turasóireachta gearrchlár oiliúna spriocdhírithe ar fáil do roinnt Fhéilte ealaíon tábhachtacha sa chontae. Cuireadh ar fáil an clár seo tríd AOIFE, ag baint úsáide as seisiúin dhuine le duine agus as oiliúint ghrúpaí. Cuireadh béim speisialta ar scileanna margaíochta a fhorbairt.

# Pleanáil

**Bainistíocht Forbartha**
Fuair Comhairle Contae Chorcaí 4,077 iarratas pleanála bailí i 2016. Ar a bharr sin, fuarthas 158 iarratas chun tréimhsí cead pleanála a bhí ann cheana a fhadú. Tháinig méadú thart ar 13% ar líon na n-iarratas bailí. Rinneadh 2,737 cinneadh san iomlán, 2,553 cinneadh inar tugadh cead pleanála agus 184 cinneadh inar diúltaíodh do chead pleanála. Rinneadh 1,265 iarratas san iomlán a chur ar athlá de bharr easpa eolais.

**Cruinnithe Réamh-Phleanála**
Reáchtáladh 622 chruinniú réamh-phleanála i 2016. Is féidir coinne a dhéanamh trí ghlaoch a chur ar **021-4285957**

**Forfheidhmiú**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na gcásanna inar rinneadh gearán ar cuireadh clabhsúr orthu | 174 |
| Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí litreacha foláireamh | 504 |
| Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe | 25 |
| Líon na n-ionchúiseamh | 9 |
| Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a imscrúdaíodh | 316 |

**Eastáit Thithíochta**
Tugadh 10 Eastát i gCúram i 2016; is é 792 líon iomlán na n-eastát a thug an Chomhairle i gcúram anois. Tá 71 iarratas eile ar láimh agus á bpróiseáil.

**Bonneagar Tithíochta**
I ndeireadh 2016, mar pháirt dá freagra ar Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Thithíocht agus Easpa Dídine, bunaíodh Foireann Fheidhmithe um Bhonneagar Tithíochta chun soláthar bhonneagair riachtanach le haghaidh tithíochta nua a bhrostú. Ar dtús, díreoidh an fhoireann isteach ar an mbonneagar a bhfuil gá leis chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tithíochta i gCrios Forbartha Straitéiseach na Móna Airde agus in ocht bPríomhcheantar Uirbeach Forbartha eile atá sonraithe i bPlean Forbartha an Chontae 2014. Cuireadh isteach iarratais do mhaoiniú chuig na gníomhaireachtaí cuí agus cuirfear chun cinn iad seo go luath i 2017.

**Plean Forbartha an Chontae 2014**
Tháinig Plean Forbartha an Chontae i bhfeidhm ar an 15 Eanáir, 2015. Leagan an Plean amach an straitéis iomlán maidir le dea-phleanáil agus forbairt an Chontae ar feadh tréimhse 6 bliana.

**Pleananna Ceantair Áitiúil**
Leagan na Pleananna Ceantair Áitiúil amach an straitéis pleanála um úsáid talún maidir le forbairt bhailte agus sráidbhailte an Chontae agus províonn sé isteach ar cur i bhfeidhm na straitéise iomlán ar an leibhéal áitiúil mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae 2014..

I 2015, chuir an Chomhairle tús le próiseas athbhreithnithe na bpleananna, agus beidh pleananna nua i bhfeidhm roimh Lúnasa, 2017. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil do gach ceann de na hocht gCeantar Bardasach. I mí na Samhna, 2015, d'fhoilsigh an Chomhairle 8 Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí atá le bheith mar bhunús don chomhairliúchán leis an bpobal. Ina dhiaidh sin, ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil do gach ceann de na Ceantair Bhardasacha, a foilsíodh ar an 16 Samhain, 2016, agus tharla comhairliúchán poiblí go dtí go luath i 2017. Tá na Pleananna Forbartha Bailte arna nglacadh ar na hIar-Chomhairlí Cathracha fós i bhfeidhm go dtí go leagfar amach an chéad Phlean Forbartha don Chontae i 2020.

**An Creat Pleanála Náisiúnta**
Tá an Rialtas ag ullmhú Straitéis 20 bliain (an Creat Pleanála Náisiúnta) chun cinntí forbartha agus infheistíochta a threorú sa todhchaí. Nuair a chuirtear i gcrích í, tógfaidh an Straitéis seo áit na Straitéise Spáis Náisiúnta. Tá Comhiarratas ó Chomhairle Contae Chorcaí agus ó Chomhairle Chathair Chorcaí chuig an gCreat Pleanála Náisiúnta á ullmhú faoi láthair agus cuirfear isteach é mar pháirt den phróiseas comhairliúcháin go luath i 2017.

**Coiste um Beartais Straitéiseacha Uimh. 1 – Pleanáil & Forbairt Straitéiseach**
Chruinnigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha ceithre huaire i 2016 agus phléigh sé roinnt cheisteanna maidir leis an mbeartas pleanála:

- Athbhreithniú ar na Pleananna Ceantair Áitiúil
- An Creat Pleanála Náisiúnta (dá ngaireadh an Straitéis Spáis Náisiúnta air roimh seo)
- Dúshláin Forbartha agus Infreastruchtúracha – Contae Chorcaí

- Scéim Forbartha Straitéiseach na Móna Airde – An 2ú Scéim
- Clár na Láithreán Folamh agus Forálacha Tobhaigh an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015.

**Oidhreacht**

Ba bhliain eisceachtúil í 2016 i dtaobh na hoidhreachta i gContae Chorcaí, go mór mór de bharr comórtha céad bliain 1916. Leis an gcúig chéad eachtra a eagraíodh do Chlár Comórtha Céad Bliain Contae Chorcaí 2016, le cois an trí chéad eachtra oidhreachta eile a eagraíodh, ba é seo an líon is mó eachtraí oidhreachta a tharla in aon bhliain amháin sa Chontae riamh. Cuireadh chun cinn na heachtraí seo ar líne ag www.corkcoco.ie/heritage agus fuair 1,200 duine nuashonrú r-phoist rialta faoi na heachtraí. Ba iad grúpaí comhphobail a thiomáin, a lean agus a thug tacaíocht don réimse leathan eachtraí seo agus ba é seo an chúis gur éirigh chomh maith leis an gComóradh Céad Bliain i gCorcaigh. Tugadh aitheantas do ról mhuintir Chorcaí i gcomóradh 1916, agus ar obair dhian Fheidhmeannas na Comhairle agus an Choiste Comóradh Céad Bliain 1916, ar leibhéal Náisiúnta; ghnóthaigh Comhairle Contae Chorcaí Dámhachtain Oidhreachta Náisiúnta Iris na hEarnála Poiblí don obair a rinne sí ar a suíomh idirlín chun tacú le Clár 1916.

Ba é 'Láithreáin Oidhreachta Céad Bliain Chontae Chorcaí na Reibiliúnach' an 4ú thráthchuid den tsraith fhoilsiúcháin "Oidhreacht Chontae Chorcaí", a fuair ardlua bharr feabhais ag Dámhachtainí Rialtais Áitiúil Chambers Ireland Excellence 2015. Breathnaíonn an foilsiúchán seo ar ról ríthábhachtach Chorcaigh i dtréimhsí cinniúnacha i stair na hÉireann agus tá an-éileamh air go dtí seo; is é Méara Contae Chorcaí, an Comhairleoir Seamus McGrath agus Príomhfheidhmeannach na Comhairle Contae, Tim Lucey, chomh maith leis an Stiúrthóir Seirbhísí, John O'Neill agus an t-Oifigeach Oidhreachta, Conor Nelligan, a sheol an foilsiúchán ar an 12 Nollaig, 2016.

Cuireadh oidhreacht an Chontae chun cinn freisin trí pháirt a ghlacadh sa Taispeántas 'Ag Ceiliúradh Stair Chorcaí' i Halla na Cathrach ar an 30 Meán Fómhair, 2016, taispeántas atá a eagrú anois le 8 mbliain anuas. Mar chuid den eachtra agus mar aitheantas ar théama an taispeántais, "Comóradh Céad Bliain 1916", mhaoinigh Comhairle Contae Chorcaí clár cuimhneacháin don lá, ag taifead gníomhaíochtaí an bhreis agus 100 grúpa oidhreachta ón gCathair agus ón gContae a ghlac páirt san eachtra leis na blianta. Ghlac Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí páirt freisin i Seó Samhraidh Chorcaí ar an Satharn agus an Domhnach, an 17 agus 18 Meitheamh, 2016.

# Rialú Dóiteáin & Foirgníochta

## Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin



| | |
|---|---|
| **Líon iomlán na bhfreastail ar thinte i 2016** | **1,248** |
| Aga freastail ar an meán | 05:23 |
| Aga freagartha ar an meán | 14:00 |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 10 nóiméad acu | 39.25% |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha idir 10 agus 20 nóiméad acu | 42.68% |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha níos mó ná 20 nóiméad acu | 18.05% |
| **Líon iomlán na bhfreastal ar éigeandáil nárbh tine í i 2016** | **617** |
| Aga freastail ar an meán | 05:45 |
| Aga freagartha ar an meán | 15:29 |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 10 nóiméad acu | 29.54% |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha níos lú ná 20 nóiméad acu | 53.02% |
| % na nglaoch a raibh aga freagartha níos mó ná 20 nóiméad acu | 17.43% |

I bhFeabhra 2016, ghlac an Chomhairle Plean Oibríochtaí Dóiteáin & Éigeandála mar a cheanglaítear le hAlt 26 den Acht Seirbhísí Dóiteáin chun an tréimhse ó 2016 go 2021 a chumhdach. Is é cuspóir an Phlean seo beartais na Rannóige Dóiteáin a chur in iúl agus eolas a thabhairt faoi na

cláir feidhmiúcháin ghaolmhara atá ag an Rannóg Dhóiteáin don tréimhse.

I mBealtaine 2016 choinnigh an Rannóg Dhóiteáin & Rialaithe Foirgníochta an creidiúnú OHSAS 18001 a bhí aici dá chóras bainistíochta sábháilteachta tar éis iniúchadh faireachais ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Eagraíonn an Rannóg Dhóiteáin clár oiliúna cuimsitheach gach bliain. Seo a leanas achoimre de na cúrsaí oiliúna a eagraíodh i 2016:

- Cúrsa Earcach
- Caiteoirí Gaireas Análaithe
- Iompar Thine i bhFoirgnimh Roinnte
- Feasacht Uisce
- Oiliúint Chéad Fhreagróra i gcás Tuilte
- Oiliúint Shábhála ó Thitim
- Ábhair Ghuaiseacha
- Oibreoir Caidéil
- Cothabháil Chaidéil
- Cothabháil ar Threalamh Ghaireas Análaithe
- Garchabhair ag an Obair
- Céad Fhreagróir Leighis
- Imbhuailtí Tráchta ar Bhóithre
- Teicnící Tarrthála d'Fheithiclí Earraí Troma
- Craein Hiab
- Tiomáint Seirbhísí Éigeandála
- Cúrsa Fo-Oifigeach
- Cúrsa Oifigeach Stáisiúin
- Teagascóir Seirbhísí Dóiteáin

**Cosc Dóiteáin**

Baineann na staidrimh seo a leanas le líon na n-iarratas do Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán a fuarthas agus líon na n-iarratas do Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán a ceadaíodh:

| **Mí** | **Líon na nDeimhnithe a fuarthas** | **Líon na nDeimhnithe a ndearnadh cinneadh fúthu** |
|---|---|---|
| Eanáir | 17 | 33 |
| Feabhra | 27 | 27 |
| Márta | 45 | 24 |
| Aibreán | 35 | 38 |
| Bealtaine | 31 | 37 |
| Meitheamh | 24 | 32 |
| Iúil | 37 | 31 |
| Lúnasa | 34 | 23 |
| Meán Fómhair | 29 | 21 |
| Deireadh Fómhair | 37 | 34 |
| Samhain | 37 | 23 |
| Nollaig | 12 | 33 |
| **Iomlán** | **365** | **356** |

Seo a leanas achoimre de na gníomhaíochtaí Sábháilteacht Dóiteáin Comhphobail a tharla i 2016:

- Taispeántas Imbhuailte Tráchta ar Bhóithre do ranganna idirbhliana
- Léirithe ar Fheasacht Shábháilteacht Dóiteáin do mhuintir na n-Oileán in Iarthar Chorcaí
- Seastán Feasacht Shábháilteacht Dóiteáin ag Féile Theaghlaigh agus Ghairdíní Mhala
- Seastán Feasacht Shábháilteacht Dóiteáin ag Seó Samhraidh Chorcaí
- Taispeántas Tine Panna Sceallóg

Ag deireadh gach bliain tugann Rannóg Dhóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí cuairt ar Bhunscoileanna roghnaithe. Tharla na cuairteanna seo arís i 2016. Tá an-rath ar na cuairteanna seo - tugann siad deis don Rannóg Dhóiteáin an teachtaireacht faoi shábháilteacht dóiteáin sa mbaile a chur in iúl sa timpeallacht bhaile trí na páistí.

Mar chuid den tSeachtain Sábháilteachta ó Dhóiteáin 2016 chuaigh Rannóg Dhóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí i mbun Feachtais spriocdhírithe Sábháilteacht Dóiteáin i limistéir cheithre stáisiún dóiteáin (Bun an Tábhairne, An Ráth, Dún Mánmhaí, agus an Cóbh). Ó thaobh staidreamh de, ba iad seo an ceithre limistéar a raibh an ráta is airde glaoch amach do de bharr dóiteáin simléir acu sa chontae ar fad. Ar a bharr sin, chuaigh an Rannóg Dhóiteáin i mbun feachtais ar na meáin shóisialta agus trí dháileadh póstaeir feachtais go háitiúil chun feasacht ar Shábháilteacht Dóiteáin um Nollaig a chur chun cinn.

## Rialú Foirgníochta



Baineann na staidrimh seo a leanas le líon na bhfógraí tosach feidhme bailí/líon na n-iarratas d'fhógraí 7 lá a fuarthas i 2016:

| Mí | Líon na bhFógraí Tosach Feidhme agus na bhFógraí 7 Lá a deimhníodh |
|---|---|
| Eanáir | 77 |
| Feabhra | 88 |
| Márta | 91 |
| Aibreán | 111 |
| Bealtaine | 117 |
| Meitheamh | 107 |
| Iúil | 116 |
| Lúnasa | 108 |
| Meán Fómhair | 104 |
| Deireadh Fómhair | 99 |
| Samhain | 78 |
| Nollaig | 42 |
| **Iomlán** | **1,138** |

Baineann na staidrimh seo a leanas le líon na n-iarratas do Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas agus le líon na n-iarratas do Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a ceadaíodh:

| Mí | Líon na dTeastas Rochtana a fuarthas | Líon na dTeastas Rochtana a ndearnadh cinneadh fúthu |
|---|---|---|
| Eanáir | 13 | 25 |
| Feabhra | 20 | 19 |
| Márta | 21 | 22 |
| Aibreán | 21 | 24 |
| Bealtaine | 23 | 21 |
| Meitheamh | 21 | 24 |
| Iúil | 31 | 28 |
| Lúnasa | 15 | 23 |
| Meán Fómhair | 29 | 24 |
| Deireadh Fómhair | 26 | 28 |
| Samhain | 31 | 21 |
| Nollaig | 13 | 25 |
| **Iomlán** | **264** | **284** |

## Bainistíocht Móréigeandála



Chruinnigh an Coiste Bainistíochta Móréigeandála agus an Fhoireann Bainistíochta Géarchéime le chéile roinnt uaireanta i rith 2016, go háirithe tar éis na heachtraí aimsire a tharla i Nollaig 2015/Eanáir 2016.

### An Plean agus na fo-phleananna móréigeandála

- Rinneadh an Plean Móréigeandála a athbhreithniú agus a atheisiúint
- Rinneadh an Plean Drochaimsire a athbhreithniú agus a atheisiúint
- Rinneadh an Plean Práinnfhreagartha Tuilte a athbhreithniú agus a atheisiúint chomh maith leis na Pleananna Gníomhaíochta Tuilte Áitiúla don Sciobairín, do Chloich na Coillte, do Bheanntraí, do Dhún Mánmhaí, do Dhroichead na Bandan, do Charraig Uí Leighin/Dúghlas, do Ghleann Maghair, do Mhainistir na Corann, don Eochaill, do Mhala & do Thuaisceart Mhainistir Fhear Mhaí

### Clár SEVESO

Cuireadh i gcrích agus atheisíodh na Pleananna Éigeandála Seachtracha seo a leanas tar éis comhchomhairle poiblí, chomh maith le hathbhreithniú agus tuarascáil iarfhreachnaimh:

- Calor Gas Tivoli, Corcaigh
- FloGas Tivoli, Corcaigh
- IDL Mainistir na Corann

- Novartis Rinn an Scidígh
- Pfizer Ringaskiddy

Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin le haghaidh an Phlean nua Éigeandála Seachtraigh do IDL, Dún Guairne, agus is dócha go dtarlóidh an cleachtadh sa chéad ceathrú de 2017.

Tá obair á dhéanamh freisin chun Plean Idir-Ghníomhach do Thollán Bóthair Jack Lynch a chur i gcrích. Rinneadh an dréachtphlean a chleachtadh ar an 21 Deireadh Fómhair, 2016.

### Cosaint Shibhialta




Is é príomhról na Cosainte Sibhialta ná práinnfhreagairt 2ú líne a chur ar fáil do na Gníomhaireachtaí Freagartha Príomha (PRAnna) sna cásanna seo a leanas: drochaimsir, freagairt do thuilte, cuardach ar dhuine atá ar iarraidh, cumas cumarsáide agus otharcharranna éigeandála deontacha. Tugtar oiliúint ghairmiúil i réimse leathan scileanna don fhoireann dheonach. Déantar cleachtaidh thraenála leis na PRAnna agus le Seirbhísí Éigeandála Deonacha eile ar bhonn rialta chun leibhéal ard ullmhachta a chinntiú agus chun nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtaí.

D'fhreagair an Chosaint Shibhialta do roinnt oibríochtaí éigeandála, ag tabhairt tacaíochta gharchabhrach agus otharchairr ag cuid eachtraí, agus ghlac sí páirt i réimse cleachtadh traenála agus cruinnithe idir-ghíomhaireachta le linn 2016.

Creidiúnaíodh córas bainistíochta an Chosaint Shibhialta chuig an gcaighdeán OHSAS 18001 le linn 2016.

Chuir tabhairt isteach drón aerchuardach i 2016 go mór le cumais na Cosainte Sibhialta. D'fhorbair Cosaint Shibhialta Éireann roinnt foirne chuardacha d'aerárthach beag gan foireann (SUA) atá á úsáid de réir thíreolaíocht na Réigiún Bainistíochta Éigeandála. Tá dhá fhoireann SUA ann faoi láthair don Réigiúin Theas, bunaithe ar an Sciobairín agus i gCionn tSáile. Tá dhá phíolóta SUA atá ceadúnaithe agus creidiúnaithe le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann ar gach foireann.

# Forbairt Pobail & Eagraíochtúil

## Forbairt Pobail

### Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCnna)

Roghnaíodh trí *Choiste Forbartha Pobail Áitiúil* (LCDCnna) le bheith ina nGrúpaí Áitiúil Gníomhaíochta LEADER (LAGnna)
Beidh na LAGnna freagrach as bainistiú agus riar an €13.93 milliún atá le fáil faoi chlár LEADER 2014-2020 i gContae Chorcaí.

Lean an 3 Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCnna) ar aghaidh lena chuid oibre i 2016. Seo a leanas an obair a bhí ar bun acu:

- D'ullmhaigh siad na gnéithe pobail de Phlean Pobail & Geilleagrach Áitiúil Chontae Chorcaí.
- Rinne siad monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht an Chláir um Chuimsiú Sóisialta & Ghníomhachtú Pobail (SICAP)
- D'fhorbair siad Straitéisí Forbartha Áitiúil LEADER

Seoladh an clár LEADER 2015-2020 i bhfómhar 2016.

D'aontaigh Comhairle Contae Chorcaí 25 faoin gcéad sa bhreis de mhaoiniú forbartha áitiúil a thabhairt chun tacaíocht a thabhairt don chlár LEADER sa chontae. Beidh an maoiniú breise seo de €3.5m ar fáil ag pobail agus cabhróidh sé go mór le tionscnaimh bhreise sna pobail sin a chur i gcrích.

Tá sé Chuideachta Forbartha Áitiúil ann atá ag feidhmiú mar Pháirtnéirí Feidhmíochta LEADER - Páirtnéireacht Avondhu Blackwater, Forbairt Bhealach Eabhra, IRD Dhúiche Ealla, SECAD, Comhar na nOileán, agus Údarás na Gaeltachta.

Tharla preaslainseáil ar an 1 Nollaig maidir le tosú an chláir agus a chur eolas faoi LEADER agus faoi iarratais ar mhaoiniú ar fáil ag
www.leadernorthcork.com
www.leadersouthcork.com agus
www.leaderwestcork.com

### An Clár um Chuimsiú Sóisialta & Ghníomhachtú Pobail (SICAP)

Cuireadh tús leis an gclár seo in Aibreán 2015 le dámhachtain 7 gconradh SICAP le bheith críochnaithe faoi Nollaig 2017. Ba í infheistíocht de €1.87m don bhliain 2016 don Chontae an toradh a bhí ar seo. Is é cuspóir an chláir seo ná an bhochtaineacht a laghdú, an cuimsiú sóisialta agus an comhionannas a chur chun cinn tríd rannpháirtíocht agus comhoiriú áitiúil. Clár é seo a bhfuil de sprioc aige deiseanna saoil iad siúd atá imeallaithe sa tsochaí.

### Cuimsiú Sóisialta & Coiste um Beartais Straitéiseacha an Phobail

I 2016, d'fhorbair an Coiste um Beartais Straitéiseacha ar a raibh an Comhairleoir John Paul O'Shea ina chathaoirleach Ráiteas Cuimsithe Sóisialta don Chomhairle le go n-úsáidfeadh an fhoireann agus na Comhalta ar fad é. Ba í 2016 an chéad bhliain de chlár 3-bliana tacaíochta do Scéim Fóillíochta Samhraidh Foróige atá á maoirsiú ag an Coiste um Beartais Straitéiseacha. Chuir roinnt ghrúpaí a n-obair i láthair don Choiste um Beartais Straitéiseacha i rith na bliana; lena n-áirítear Comhairle na nÓg, Coiste Aoisbhá Chorcaí agus Seirbhísí Meabhairshláinte Jigsaw chomh maith le nuashonraithe rialta ó na LCDCnna agus an PPN.

### Comhairle na nÓg Chorcaí

Bhí 44 chomhalta ag Comhairle na nÓg Contae Chorcaí, eagraíocht óige a chomhordaíonn Comhairle Contae Chorcaí i 2016, agus tháinig an eagraíocht le chéile 16 huaire i rith na bliana. Tionóladh a gCruinniú Cinn Bhliana ar an 20ú Deireadh Fómhair 2016 agus bhí 75 duine i láthair. I 2016, lean siad lena gcuid oibre chun iompar poiblí ar phraghas réasúnta a fháil do dhaoine óga.

### Líonra Rannphartíochta Pobail (PPN)

Bunaíodh Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae Chorcaí i bhFeabhra 2015 agus, ó bhí Eanáir 2016 ann, tá ós cionn 900 balleagraíocht ann. Déanann Rúnaíocht nó grúpa stiúrtha de 22 comhalta maoirseacht ar riarachán an PPN ó lá go

lá agus feidhmíonn an Comhordaitheoir PPN (a ceapadh i 2015) mar oibrí acmhainne don Rúnaíocht agus don PPN go ginearálta. I 2016, chuir an PPN béim ar Straitéis Cumarsáide a fhorbairt chun cumarsáid níos fearr idir Chomhairle Contae Chorcaí agus na hearnálacha Pobail & Deonacha, Chuimsithe Shóisialta & Comhshaoil a eascú. Is éard a bhí i gceist leis seo ná féiniúlacht bhranda do PPN Contae Chorcaí, bunachar sonraí cumarsáide PPN, láithreán gréasáin PPN, leathanach Facebook, cuntas Twitter agus nuachtlitreacha ráithiúil don PPN a fhorbairt.

## Forbairt Eagraíochta

Rinneadh na tomhais fheidhmíochta agus éifeachtúlachta seo a leanas a chur chun cinn i rith 2016:

- Ullmhúchán do Phlean Soláthair Seirbhísí Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain 2016.
- Cur chun cinn chláir oibre na Comhairle um Thrasfhoirmiú Seirbhísí do Chustaiméirí, lena n-áitítear an tairseach seirbhísí do chustaiméirí ar líne YourCouncil.ie a ndeachaigh i bhfeidhm i Nollaig 2016.
- Cur le chéile agus anailís de shonraí Léiritheora Seirbhíse chun deiseanna do sholáthar seirbhísí níos fearr a shainaithint.
- Tuarascáil ar chomhlíonadh na Comhairle don Chód Caiteachais Phoiblí.
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) – cur i bhfeidhm, oiliúint agus tabhairt isteach do ghráid foirne faoi dhian agus allamuigh.
- Bainistíocht Riosca – cuireadh ar bun Grúpa Maoirseachta Bhainistíocht Riosca, rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú go bliantúil, agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chláir Riosca na Stiúrthóireachta
- Tugadh suas chun dáta Catalóg Seirbhísí na Comhairle a thugann eolas faoi sheirbhísí do shaoránaigh a chuir Comhairle Contae Chorcaí ar fáil

# Forbairt Gheilleagrach

**An Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach:**

I 2011, thug Comhairle Contae Chorcaí isteach an Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach chun na bearnaí a líonadh sa chóras maoinithe atá ann faoi láthair a thug tacaíocht d'fhorbairt gheilleagrach agus do chruthú fostaíochta. Rinneadh gach iarracht dúbláil agus maorlathas gan ghá á seachaint ag an am céanna.

Chuir an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 le ról na Comhairle i gcur chun cinn an gheilleagair agus i gcruthú fostaíochta, agus bhí athbhreithniú ar thosaíochtaí na Comhairle ag teastáil dá bharr. Ghlac an Coiste um Beartais Straitéiseacha don Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontraíochta leis an tsraith tosaíochta athbhreithnithe seo le linn dó tacaíocht an Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach a leithdháileadh i 2015:

- Tacaíocht don Mhargaíocht Straitéiseach agus don Turasóireacht
- Tacaíocht do Chomhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha
- Tacaíocht do Mhiondíol i mBailte/Fhorbairt Bhailte
- Tacaíocht d'Fhorbairt sa Táirge Bia agus do Thacaíochtaí Easpórtála
- Tacaíocht do Thionscnaimh Chomhchistithe

Cabhróidh na tosaíochtaí athbhreithnithe seo cur chuige fócasaithe atá bunaithe ar phlean agus ar fhianaise a chur i bhfeidhm chun leithdháileadh an chiste forbartha inbhuanaithe gheilleagrach agus chruthaithe fostaíochta a éascú. Tá an cur chuige seo níos oiriúnaí chun deiseanna a thapú agus iad ag teacht aníos agus cinntíonn sé go n-úsáidfear an Ciste mar is ceart chun timpeallacht fiontraíochta an chontae a fhorbairt. Tá sé dá mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar thosaíochtaí an Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) arís tar éis ghlactha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

**Áirítear leis na tacaíochtaí do Chomhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara**

**Áitiúla agus Réigiúnacha na nithe seo a leanas:**

**Córais Uisce agus Ionad Nuálaíochta Seirbhísí**: Is comhpháirtíocht í seo idir Chomhairle Contae Chorcaí, Comhairle Chathair Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil mar aidhm aici an t-éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar réitigh teicneolaíochta nuálacha do réimse fadhbanna sa tionscal uisce a fhreagairt. Go dtí seo, chabhraigh sé le cuideachtaí córais uisce níos cliste a fhorbairt agus smaointe faoi tháirgí agus seirbhísí nua a fhíorú, rud a chothaigh/chruthaigh fostaíocht, a mhéadaigh díolachán, agus a chruthaigh deiseanna easpórtála.

Tá WSSIC, a reáchtáiltear ag an Ionad Nimbus ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT), á bhainistiú ag foireann le saineolas san earnáil uisce agus baineann sé leas as scileanna fhoireann Nimbus ina chuid tionscnamh. Tá 35 tionscnamh déanta aige, ó Chistí Tráchtálaithe ar scála mór go Dearbháin Nualaíochta €5,000 ar scála beag. Tá cúnaimh chomhchineála tugtha ag tionscail do na tionscnaimh seo. Tá teagmháil ag WSSIC le thart ar 110 cuideachta san earnáil uisce Éireannach agus le roinnt cuideachtaí atá bunaithe thar lear freisin. Measann WSSIC gur chruthaigh nó gur chothaigh a chuid idirghabhálacha 35 post agus go bhféadfaí 80 - 100 post breise a chruthú sna trí bliana atá le teacht, meastachán atá bunaithe ar na réitigh a cuireadh ar fáil do chuideachtaí go dtí seo.

**IGNITE:** Baineann an Clár Nuálaíochta do Ghnólachtaí Chéimithe leas as acmhainní Chomhairle Contae Chorcaí, Chomhairle Chathair Chorcaí, Oifigí Fiontraíochta Áitiúla Chathair agus Contae Chorcaí, Choláiste na hOllscoile Corcaigh, agus as acmhainní pháirtnéirí tionscail agus chinnirí gnó chun cabhrú le céimithe nua gnólachtaí atá bunaithe ar theicneolaíocht, dírithe ar easpórtáil, agus inscálaithe a bhunú sa réigiún.

Tá tacaíocht tugtha ag an gClár do bheagnach 50 gnólacht nuathionscanta agus os cionn 60 bunaitheoir ónar seoladh é i 2011. Díobh seo, chuir 32 gnólacht fostaíocht ar fáil do 90 duine. D'fhás roinnt gnólachtaí nuathionscanta suas chun foireann idir 5 agus 10 duine lánaimseartha a fhostú, tá bonn déanta acu i margaí idirnáisiúnta, tá infheistíocht phríobháideach de €250,000 nó níos mó bailithe acu, agus táthar ag súil le go bhfásfaidh siad níos mó sa todhchaí. Tá Comhairle Contae Chorcaí sásta a tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo go dtí 2018.

**Tairseach Chliste Chorcaí:** Is iad Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Chathair Chorcaí, Ionad Taighde Nimbus agus Institiúid Náisiúnta Tyndall a bhunaigh an tionscnamh seo a bhfuil mar chuspóir aige áit ar leith a bhaint amach do Chorcaigh mar 'Réigiún Cliste den Chéad Scoth' ar bhonn na hacmhainní, na tréithe agus na taithí atá aici cheana.

Is í aidhm na Tairsí Cliste ná íomhá Chorcaí a fheabhsú mar áit mhealltach le cónaí ann, le hobair ann, le cuairt a thabhairt uirthi agus le hinfheistíocht a dhéanamh. Áit a bhfuil na réitigh teicneolaíochtaí is fearr dá bhfuil ann á úsáid ag an mbonneagar poiblí agus ag an soláthar seirbhísí poiblí agus áit a thugann deis do na páirtithe leasmhara ar fad páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus leas a bhaint as timpeallacht fheabhsaithe dá bharr. Tacóidh agus cuirfidh an tionscnamh seo leis an líon mór eagraíochtaí atá i gCórcaigh cheana agus atá ag obair chun réitigh chliste a fháil ar an réimse fisiciúil, ó chaomhnú fuinnimh go sonraí oscailte. Cuireann an Tairseach Cliste fóram ar fáil chun go mbeidh na heagraíochtaí seo in ann eolas a roinnt agus obair le chéile agus réigiún Chorcaí a chur chun cinn mar cheann scríbe cliste idirnáisiúnta ag an am céanna.

**Coimisiún Scáileáin Chorcaí:** A bhuí comhiarrachtaí Údaráis Áitiúla Chorcaí d'aontaigh Pooleen Productions bainistíocht a dhéanamh ar Choimisiún Scáileáin Chorcaí don tréimhse 2015-2018. Tá foráil sa chonradh le haghaidh Pleanáil Chun Cinn, Tacaíocht Léirithe, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí agus seirbhísí oiliúna chun Corcaigh a chur chun cinn mar lárionad le haghaidh léiriúcháin scannáin.

**Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí**: Is togra uaillmhianach chun líon suntasach post nua agus deiseanna forbartha don gheilleagar a chruthú í Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí (CSAIP). Chun an eochairghné bhonneagair seo a fhorbairt; Tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí agus a comhpháirtithe straitéiseacha, an Chomhairle Cathrach, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, CIT, IDA, EI, SFI, DJEI agus and HEA le chéile taighdeoirí, fiontraithe, acadaimh agus fiontair dhiantheicneolaíochta chun nuálaíocht,

forbairt gheilleagrach agus cruthú fostaíochta a chur chun cinn go réigiúnach agus go náisiúnta.

Tá an go leor den obair ullmhúcháin d'fhorbairt na Páirce Eolaíochta agus Nuálaíochta sa Churraichín curtha i gcrích cheana. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis na páirtithe a bhfuil moltaí á dhéanamh acu chun a chinntiú go réitítear aon fhadhb a thagann anuas chun go gcuirfí tús leis an bhforbairt seo sa láthair seo agus go bhfíoraítear an fhís atá ann don Pháirc.

I Márta 2016, fuair Coláiste na hOllscoile Corcaigh Cead Pleanála d'fhorbairt Fhoirgneamh Nuálaíochta agus Cothaithe 4,000m$^2$ ar a cuid tailte laistigh den Pháirc. Is amhlaidh a bheidh sa bhfoirgneamh seo an chéad fhoirgneamh i limistéar 45 acra na hOllscoile, atá mar cheann de 6 limistéar de pháirc a bhfuil 250 acra ann san iomlán.

**Cruinniú Mullaigh na hÁise, Corcaigh:** Ó dheireadh na 1990í ar aghaidh, tá gach roinn rialtais ag cur i bhfeidhm straitéisí earnáilbhunaithe chun caidrimh dhéthaobhacha leis an tSín agus le tíortha Áiseacha eile a chur chun cinn. Tá naoi gcinn de na 10 meigeachathair is mó is fás san Áis agus faoi 2025 beidh beagnach leath de aschur geilleagrach an domhain ag teacht uathu, ag dul chun tosaigh ar an Eoraip agus Tuaisceart Mheiriceá le chéile.

I 2015 agus 2016, chruthaigh Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Chathair Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Comhlachas Tráchtála Chorcaí comhpháirtíocht le Asia Matters, an grúpa is tábhachtaí in Éirinn maidir le trádáil, infheistíocht, eacnamaíocht agus caidrimh idirnáisiúnta, chun Cruinniú Mullaigh na hÁise a reáchtáil i gCorcaigh. Mar pháirt de chruinniú mullaigh 2016, eagraíodh an Fóram Bhia & Teicneolaíochta Talmhaíochta na hÁise agus Éireann le KPMG; Fóram Oideachais an tSín agus Éireann agus fóram Turasóireachta an tSín agus Éireann. Thug an cruinniú mullaigh léargas do chuideachtaí i gCorcaigh ar dheiseanna sainearnála atá ann sna margaí Áiseacha agus Síneacha.

Chomh maith le gníomhaíochtaí an Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach, tá baint ag Comhairle Contae Chorcaí le roinnt mhaith thionscnamh geilleagrach chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí bunaithe nó éirithigh ar nós athchóiriú agus athdheisiú Camden Fort Meaghar, áis aitheanta turasóireachta i mBun an Tábhairne atá dírithe ar chultúr, oidhreacht agus an pobal.

I gcomhar le Cumann Pobail Bhun an Tábhairne agus oibrí deonacha ón eagraíocht Rescue Camden; tá athfhorbairt Camden Fort Meaghar curtha chun cinn ag an gComhairle le 6 bliana anuas. Tá eintiteas dlíthiúil nua á bhunú ag an gComhairle chun an tionscnamh a bhainistiú sna codanna eile dá bhforbairt. Beidh ullmhúchán Máistirphlean i gceist freisin chun caomhnú, athchóiriú agus forbairt Camden Fort Meaghar a threorú mar cheann scríbe mealltach do thurasóirí laistigh de limistéar Chuan Chorcaí, áit a bhfuil rochtain uirthi ó cheann ceann na bliana agus a bhfuil in ann freastail ar imeachtaí corparáideacha, oideachais agus turais stairiúla.

**Miondíol i mBailte/Forbairt Bhailte**

Bualadh an earnáil mhiondíola i mbailte agus sráidbhailte le linn an chúlú eacnamaíochta. Chuir an clár Miondíola Beacon le hacmhainneacht agus feasacht mhiondíoltóirí agus thug sé cúnamh agus meantóireacht dóibh, gníomh a chosain agus a chruthaigh fostaíocht. Tugadh cúnamh do 18 mbaile go dtí seo. Ritheadh tionscnamh Siopadóireachta Nollag freisin le páirceáil saor in aisce i mbailte agus seirbhís tacsaí chun daoine a thabhairt isteach chuig a mbaile áitiúil chun siopadóireacht a dhéanamh.

**Forbairt Táirgthe Bia agus Cúnaimh Easpórtála**

Sheol Comhairle Contae Chorcaí a gCistiní Cothaithe bia i gCarraig Uí Leighin i 2016 áit ar féidir spás cistine tráchtála lánfheistithe den ghrád tionscnaimh fháil ar cíos in aghaidh na huaire i gcistin den chineál is nua-aimseartha. Cabhraíonn sé seo le cuideachtaí bia beaga fás sula mbogann siad go dtí a gcuid áiseanna féin. Tá áiseanna táirgthe bia ar scála beag mar seo á ligean amach ar cíos chuig táirgeoirí bia nuabhunaithe i gcónaí agus tá sé seo ag teacht le tionscnaimh eile de chuid na Comhairle; oiliúint fiontair, meantóireacht agus cúnaimh mar ullmhúchán le dul isteach i margaí idirnáisiúnta.

**Eastáit Thionsclaíocha, Páirceanna Gnó & R-Ionaid**

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí réimse roghanna réadmhaoine ar fáil, lena n-áirítear talamh, suíomhanna agus aonaid, ar fud an Chontae chun cúnamh a thabhairt do thionscnaimh

fhorbartha gheilleagraí fiontair bunaithe agus éiritheacha. I 2016, léiríodh go leor spéise sna roghanna seo tar éis cúlú eacnamaíochta an 7-10 mbliana roimhe seo.

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí áiseanna Deasca Sealadaíochta, oifigí pearsanta agus seomraí oiliúna / cruinnithe ar fáil inár R-Ionaid ar fud an Chontae. Tacaíonn an Chomhairle leis an tionscnamh R-Ionad le soláthar díreach i mBeanntraí agus i Mainistir Fhear Maí agus i gcomhar le heagraíochtaí pobail bona fide i gcúig ionad eile ar fud an Chontae.

## Turasóireacht

**Coiste um Beartais Straitéiseacha**
Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha don Turasóireacht le chéile 4 huaire agus phléigh sé roinnt cheisteanna:

- Turasóireacht i gCorcaigh ag Fás - Straitéis Chomhchoiteann
- Forbairt de Dhréachtbheartas faoi Veaineanna Campála
- Conair Turasóireachta - Beartas chun Sochair Gheilleagrach an Chontae a Mhéadú a oiread agus is féidir
- Conair Mhíolta Móra & Deilfeanna a fhorbairt
- Próiseas an Phlean Forbartha Geilleagraí Áitiúil
- Tionscnaimh Ghlasbhealaí
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Rialáil na hAchta um Brústocaireachta 2015
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP)
- Oifigí Turasóireachta
- Eitiltí Aerfort Chorcaí

**Turasóireacht i gCorcaigh ag Fás - Straitéis Chomhchoiteann**

1. Tar éis seoladh na straitéise bunaíodh bord Visit Cork. Is é seo an t-eintiteas faoina gcuirfear i gcrích gníomhaíochtaí na straitéise sna cúig bliana atá le teacht ag obair i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara.
2. Rinneadh Bainisteoir Cheann Scríbe Turasóireachta & Bainisteoir Margaíochta a cheapadh agus meastar go bhfuil na postanna seo ríthabhachtach le haghaidh cur chun cinn rathúil na straitéise.

**Nuashonrú maidir leis an mBonneagar Turasóireachta**

- **Slí Bhéara Bréifne:** Cur i gcrích na coda atá i gCorcaigh
- **Gormbhealach na hAighlinne:** Oscailt oifigiúil i mí Iúil, 2016
- **Conair Chapaill Bhéara:** Cuireadh i gcrích obair fhorbartha chuid 1 den chéad Chonair Chapaill in Éirinn ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra - na hAilichí - Iorthan le cabhair ó mhaoiniú REDZ
- **Slí an Atlantaigh Fhiáin:** Cuireadh isteach painéil léirmhíniúcháin agus pointí grianghraifeadóireachta ag 34 suíomh.
- **Oirthear Ársa na hÉireann:** Cuireadh isteach comharthaíocht comhtheorainne agus 4 phainéal treorach.
- **Conairí Oidhreachta Thuaisceart Chorcaí:** Tá an tionscnamh seo fós ina thús.
- **Inis Píc:** Cuireadh i gcrích cuid 1 de na hoibreacha a chosain níos mó ná €5m.
- **Geata an Chloig, an Eochaill:** Cuireadh i gcrích athfheistiú inmheánach & léirmhíniú an fhoirgnimh agus osclaíodh don phobal é sa cheathrú chuid de 2016.
- **Teach Mhíchíl Uí Choileáin, Cloich na Coillte:** Oscailte go hoifigiúil in Aibreán, 2016

**Iarratais le haghaidh Scéim Deontas Caipitiúil an Bhoird Fáilte do Thionscnaimh Turasóireachta ar Scála Mór**
Ag teacht le Straitéis um Infheistíocht Turasóireachta an Bhoird Fáilte 2016 - 2022, cuirfear €65m ar fáil sa tréimhse 2016 - 2022. Chuir Comhairle Contae Chorcaí isteach na hiarratais seo

a leanas agus tá sí ag feitheamh le go ndéanfaí cinneadh fúthu:

- Carr Cábla & Ionad Cuairteoirí Oileán Baoi
- Plás Shlí an Atlantaigh Fhiáin Chionn tSáile ar Short Quay a chuimsíonn léirmhíniú ar Chath Chionn tSáile & ar Thragóid an Lusitania
- An Príomhshráid, Cionn tSáile - Uasghrádú ar an Sráid-dreach
- Inis Píc - Cuid 2

**Cúnaimh Mhargaíochta**
**Turasóireacht Chúrsála in Iarthar Chorcaí:** Tá seirbhísí Comhairleora Turasóireachta faighte againn thar tréimhse dhá bhliain chun obair ar ár son níos mó longa cúrsála a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar Iarthar Chorcaí.
**Cúnamh le haghaidh Margaíocht Aerfort Chorcaí:** Tá €100,000 curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí do chlár margaíochta comhoibritheach arna threorú ag Turasóireacht Éireann.
**Féilte/Imeachtaí:** Thug Comhairle Contae Chorcaí tacaíocht do líon suntasach féilte/imeachtaí i 2016 ag cur ar fáil os cionn €350,000

## Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Chorcaí

Is í seo an chéad chéim i bpróiseas a bhfuil mar aidhm aige tionscnaimh Fhorbartha Pobail agus Geilleagraí a thacú ag an leibhéal áitiúil. Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin an phlean i Samhradh 2015. Ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí leis an bplean i mí Iúil 2015

Teastaíonn ó dhaoine cónaí in áiteanna a bhfuil fís shoiléir acu, a bhfuil deiseanna agus saol compórdach le fáil iontu. Ar an mbealach céanna, mealltar infheistíocht isteach in áiteanna a mheallann daoine. Mar sin, má oibríonn muid le chéile chun go mbeidh Corcaigh ina áit den scoth le cónaí ann, agus má chuireann muid béim ar dheiseanna a chur ar fáil dóibh siúd a chónaíonn ann laistigh de straitéis inbhuanaithe fadtéarmach, leagfar síos na coinníollacha inar féidir le Corcaigh a bheith chomh rathúil céanna sa todhchaí.

Tríd fís don todhchaí a chur ar fáil do Chorcaigh, is é cuspóir an phlean na heochairacmhainní atá taobh thiar do rath ginearálta Chorcaí a shainaithint chomh maith leo siúd a bheidh ríthábhachtach dá forbairt sa todhchaí. Tríd bainistíocht rathúil a dhéanamh ar na hacmhainní seo, is é cuspóir an phlean próiseas a bhunú inar féidir linn - ag obair le chéile - a chinntiú go mbeidh Corcaigh in ann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta mar áit iontach le cónaí agus le hobair ann.

## Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as bainistíocht airgeadais ghinearálta acmhainní na Comhairle, an tIoncam agus an Caipiteal. Tá sé mar dhualgas aige na híocaíochtaí ar fad a dhéanamh, idir íocaíochtaí do chreidiúnaithe, an pá rolla, aisíocaíochtaí ar iasachtaí, agus préimheanna árachais; maoirseacht ar bhainistíocht ioncaim lena n-áirítear deontais agus fóirdheontais rialtais a fháil ar ais. Tá sí freagrach as an obair riachtanach a dhéantar ar ullmhúchán agus cur i láthair an Bhuiséid Bhliantúil, an Chláir Chaipitil agus na gCuntas Bliantúil. taifid airgeadais a choinneáil agus tuarascálacha agus tuairisceáin reachtúla éagsúla a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar an Roinn rátaí tráchtála agus iasachtaí tithíochta a bhailiú In imeacht a cuid oibre, téann an Rannóg Airgeadais i gcomhairle le Stiúrthóireachtaí agus Oifigí eile ar bhonn rialta. Forbraíonn agus cuireann sí i bhfeidhm beartais agus struchtúir le haghaidh Chomhairle Contae Chorcaí agus soláthraíonn sí seirbhísí cúnaimh don eagraíocht. Is iad na príomhaonaid laistigh den Roinn Airgeadais ná:

- Iasachtaí Tithíochta
- Pá Rolla
- Íocaíochtaí
- Árachas
- Uisce Neamh-Theaghlaigh
- Soláthar
- Cuntasaíocht Airgeadais
- Cuntasaíocht Bhainistíochta
- Mótarcháin
- NPPR
- Rátaí & Bailiúchán

**Rátaí Tráchtála**

Bailíodh €117.1m de Rátaí Tráchtála i 2016. Den mhéid seo, rinneadh €1.08m a imfhálú le haghaidh úsáide i gCiste Forbartha Geilleagrach na Comhairle. Lena chois sin, rinneadh €1m sa bhreis a imfhálú do Chiste Forbartha Bailte na Comhairle, atá deartha chun cabhrú leis na Ceantair Bhardasacha forbairt áitiúil i mbailte a thacú.

Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach anois as tobhach agus bailiúchán rátaí sna seanlimistéir riaracháin de Chomhairlí Baile Chloich na Coillte, an Chóibh, Mhainistir Fhear Maí, Chionn tSáile, Mhaigh Chromtha, Mhala, Mhainistir na Corann, an Sciobairín agus na hEochaille i ndiaidh a ndíscaoilte faoi Acht Athachóiriúchain Rialtais Áitiúil 2014. De réir forálacha an Achta, thosaigh an próiseas chun na Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARVnna) a chomhoiriúnú i 2016. Táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích an próiseas comhoiriúnaithe roimh 2020 agus na híocóirí rátaí Chomhairle Baile ag bogadh go dtí ARV ginearálta an chontae de 74.75 ar bhonn céimnithe, is é sin le rá nach ngearrfar an iolraitheoir iomlán contae de 74.75 orthu go dtí 2020.

Ba é 2016 an dara bliain den Scéim Deontas Rátaí nua, atá infheidhme do gach íocóir rátaí (i limistéir an chontae amháin) atá cáin-chomhlíontach nó a bhfuil cuntais fheabhsaithe acu; tá an scéim seo dírithe go príomha chun cúnamh a thabhairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna). Ba é an deontas i gcomhair cuntais incháilithe ná 4% de mhuirear ráta 2016 faoi réir bhille nach mó ná €3,000 - is ionann é sin agus deontas de €120 ar a mhéad. San iomlán, bhí 6,164 cuntas incháilithe don deontas ar chostas €508,044.

**Uisce Neamh-Theaghlaigh**

D'fheidhmigh Comhairle Contae Chorcaí mar ghníomhaire d'Uisce Éireann do bhileáil uisce neamh-theaghlaigh faoi chonradh chomhaontú seirbhíse (SLA) do sholáthar seirbhísí uisce. Pléadh leis an ioncam ar fad a bailíodh i 2016 laistigh de chúraimí an chomhaontaithe seo.

**Mótarcháin**

Lean Rannóg Mhótarcháin na Comhairle ar aghaidh ag soláthar seirbhísí cuntair agus poist do Chontae agus do Chathair Chorcaí. I 2016, bailíodh €32.67m i dtáillí Mhótarchánacha agus aistríodh an t-ioncam seo chuig an rialtas. Eisíodh 152,179 diosca mótarchánach i rith 2016. Lean an oifig Mhótarchánach ag plé le hábhair a bhaineann le mótarcháin nach féidir faoi láthair déileáil leo ar líne, lena n-áirítear plátaí trádála, aisíocaíochtaí, feithiclí díolmhaithe, fiosruithe ón nGarda nó ó Dhlíodóirí, agus clárú leantóirí. Ba é 188,244 líon na n-idirbheart a rinneadh don bhliain.

**Árachas**

Déanann an rannóg Árachais cothabháil agus bainistíocht ar na polasaithe árachais éagsúla atá ann chun a chinntiú go bhfuil clúdach dóthanach ann do phriacail a eascraíonn as réimse leathan oibríochtaí na Comhairle. Tá polasaithe ann freisin chun cosaint a thabhairt d'acmhainní uile Chomhairle Contae Chorcaí.

Faigheann an rannóg seo freisin na héilimh Dhliteanais Phoiblí agus Dhliteanais Fhostóra ar fad

agus oibríonn sí le hárachóir na Comhairle, Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí Éireann, chun déileáil leis na héilimh seo.

**NPPR**

Gearrtar an táille NPPR ar gach réadmhaoin chónaithe nár chónaí an t-úinéir/na húinéirí ann mar phríomháit chónaithe phríobháideach do na blianta 2009 go 2013 san áireamh. Lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag bailiú airgead atá dlite a íoc ar NPPR i 2016 agus dhéileáil sí le hiarratais ar dheimhnithe maidir le dliteanas NPPR ar réadmhaoine a díoladh laistigh de Chontae Chorcaí.

**Bailiú Ioncaim 2016 (de réir Aguisín 7 Dréacht AFS 2016):**

| | Cíosanna & blianachtaí Tithíochta | Rátaí Tráchtála | Iasachtaí Tithíochta |
|---|---|---|---|
| Suim Iomlán Dlite | 17,877,075 | 135,254,059 | 9,117,235 |
| Iomlán a Bailíodh | 16,685,965 | 117,787,157 | 4,995,970 |
| % Bailithe | 93% | 88% | 55% |

## Sliocht ó Dhréacht AFS 2016:

| **Cuntas Ioncaim** | **2015** | **2016** |
|---|---|---|
| Caiteachas Iomlán | 270,333,574 | 288,901,208 |
| Ioncam Iomlán | 302,149,983 | 313,582,132 |
| **Iarmhéid na bliana roimh Aistrithe** | **31,816,409** | **24,680,923** |
| Aistriú chuig an gCúlchiste | (30,200,903) | (24,119,263) |
| **Iarmhéid/(easnamh) iomlán don BHLIAIN** | **1,615,506** | **561,660** |
| Cúlchistí Ioncaim Tosaigh | 10,601,836 | 12,217,336 |
| Coigeartú na Bliana Roimhe Sin | - | |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | 12,217,343 | 12,778,997 |

| **Ráiteas ar Staid an Airgeadais** | **2015** | **2016** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 8,034,808,903 | 8,139,648,636 |
| Obair idir Lámha | 57,231,371 | 57,851,591 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 194,680,131 | 142,218,123 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoc | 569,748 | 600,312 |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 51,676,187 | 59,461,131 |
| Infheistíochtaí Bainc | 164,509,864 | 163,671,522 |
| Airgead Tirim sa Bhanc - | | 7,869,936 |
| Airgead faoi bhealach | 52,672 | 52,671 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | **216,808,472** | 231,655,571 |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Ró-tharraingt Bainc | 5,323,588 - | |
| Creidiúnaithe & Fabhrú | 98,115,673 | 119,902,288 |
| **Glansócmhainní Reatha** | **113,369,211** | **111,753,284** |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 414,577,969 | 392,676,370 |
| Éarlaisí Inaisíoctha | 10,422,866 | 12,149,535 |
| Eile | 42,345,194 | 2,308,234 |
| | **467,346,029** | **407,134,138** |
| **Glansócmhainní** | **7,932,743,585** | **8,044,337,495** |

# Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe

Bunaíodh an Stiúrthóireacht nua seo i Meán Fómhair 2016 mar chuid den athstruchtúrú eagraíochtúil. Is iad na príomh fheidhmeanna atá aige ná:-

- Freagracht as comhordú níos láidre a fhorbairt laistigh agus ar fud na 8 gCeantar Bardasach,
- Béim níos mó a chur ar sholáthar seirbhísí go háitiúil agus ar forbairt / bhainistíocht bhailte freisin,
- Socraithe le stiúrthóireachtaí feidhmiúla a fhorbairt chun tús áite a thabhairt d'ábhair oibríochtúla ar féidir déileáil leo ag cruinnithe de na Ceantair Bhardasacha,
- Tacaíocht a thabhairt do chláir forbartha tuaithe ar nós athnuachan bhailte & sráidbhailte agus na scéimeanna a d'fhéadfadh eascrú ó bheartais nó cláir an Rialtais.

**Tacaíocht Phobail:**
Tugadh os cionn €1.5 milliún do Ghrúpaí Pobail agus Spóirt thar na 8 gCeantar Bardasach faoin Deontas Taitneamhachta, faoin Deontas Caipitil agus faoi Scéimeanna Conartha don Phobal. Thacaigh na deontais, á maoiniú ag an Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta, le féilte agus imeachtaí áitiúla, forbairt agus feabhasaithe áiseanna spóirt agus fóillíochta, hallaí pobail, siúlóidí taitneamhacha agus tionscnaimh na mBailte Slachtmhara.

**An Ciste Forbartha Baile:**
Fuair na Ceantair Bhardasacha leithdháileadh den Chiste Forbartha Baile de €1 milliún i 2016 chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a mbeadh leas geilleagrach acu do bhailte sna ceantair sin.

I measc na tionscnaimh a tugadh tacaíocht dóibh, bhí: bhí scéimeanna péinteála spriocdhírithe i roinnt bhailte ar fud an Chontae; Scéim Phobail Fáil a Bhearradh in Iarthar Chorcaí; Bus Pobail do Ghleann Maghair; tacaíocht d'eagraíochtaí gnó i roinnt bhailte; obair le grúpaí turasóireachta áitiúla chun oifigí Turasóireachta a fhorbairt nó a uasghrádú i Mainistir Fhear Maí, Maigh Chromtha agus Cóbh; giomnáisiam allamuigh a fhorbairt; tacaíocht le haghaidh scéimeanna CCTV i roinnt bhailte; tionscnaimh sa limistéar poiblí a uasghrádú; agus tacaíocht do ghnólachtaí Línéar Cúrsála i gCóbh agus i gCionn tSáile.

**Reiligí:**
Déanann Ceantair Bhardasacha cothabháil ar bheagnach 300 Reilig ar fud an Chontae agus eisíonn siad Deontais Adhlactha maidir le láthair uaighe aonair. Glacadh le Fodhlíthe nua i rith 2016 maidir le cur suas Leaca Uaighe i reiligí de chuid na Comhairle i gCorcaigh.

**Láithreáin Thréigthe:**
Lean na Ceantair Bhardasacha, in éineacht leis na hInnealtóirí Bóithre áitiúla, ar aghaidh ag sainaithint agus ag déileáil le Láithreáin Thréigthe ar fud an Chontae.

**Forbairtí Eile:**
***Baile an Chollaigh/Carraig Uí Leighin***
Leanadh ar aghaidh leis an obair uasghrádaithe ar Pháirc Réigiúnach Bhaile an Chollaigh ag cur leis an líonra cosáin agus ag uasghrádú cosáin ón mbealach isteach Oirthearach. Thug an Ceantar Bardasach tacaíocht do phobal Dhúghlas a bhí mar cheann den 3 ionadaí sna Dámhachtainí Pride of Place a tharla i mBéal Feirste agus arbh iad na buaiteoirí Náisiúnta iad ina chatagóir. Lean an ceantar ar aghaidh ag déanamh obair chothabhála ar bhalla an Columbarium ag Reilig San Séamas, Chetwynd, arbh é an t-aon áis dá chineál sa Chontae.

***Droichead na Bandan/Cionn tSáile***
Thacaigh Ceantar Bhardasach Dhroichead na Bandan/Chionn tSáile le soláthar ghiomnáisiam allamuigh nua do dhaoine fásta i gCionn tSáile. D'oibrigh siad freisin le hOifig Ealaíon na Comhairle chun cúnamh a thabhairt do thionscnamh amharclainne oiriúnaithe do shuíomh áirithe agus do thionscnamh ealaíon in Inis Eonáin. Tá Cionn tSáile fós chun tosaigh mar bhaile aoisbháúil i gContae Chorcaí le cur isteach troscáin aoisbháúil agus cosáin a bhfuil a gcolbhaí ag dul síos le fána chun timpistí a laghdú.

***An Bhlárna/Maigh Chromtha***
D'oibrigh an Ceantar Bardasach i ndlúthchomar le gnólachtaí áitiúla agus leis an nGarda Síochána chun córas ceamairí CCTV a chur isteach ar fud bhaile Mhaigh Chromtha. Bhí baint ag foireann na Comhairle agus conarthóirí ón taobh le huasghrádú limistéar taitneamhacha ar nós an bealach isteach go dtí Caisleán Mhaigh Chromtha agus forbairt Pháirc na gCreagacha Dubha, sa Bhlárna. Tugadh tacaíocht do thraidisiún na Laethanta Aonaigh i Maigh Chromtha agus rinneadh é a fhorbairt le cúnamh ón gCeantar Bardasach, le cur ar bun 4 imeacht rathúil ag tarlú i rith na bliana.

***An Cóbh***
D'oibrigh Ceantar Bardasach an Chóibh i ndlúthchomhar le heagraíochtaí pobail i mbailte an Chóibh, Charraig Thuathail agus Ghleann Maghair chun na Soilse Nollag sna bailte sin a uasghrádú, agus chun crainn nollag shaorga a cheannach don Chóbh agus do Ghleann Maghair. D'oibrigh foireann na Comhairle i bpáirtíocht le heagraíochtaí na mBailte Slachtmhara ar fud an Cheantair, agus bhí an Chomhairle sásta cabhrú leis an gCóbh a Bhonn Óir i gComórtas na mBailte Slachtmhara a choinneáil. D'oibrigh an Ceantar Bardasach le Coral Leisure maidir le cur isteach fearas ghiomnáisiam nua ar chostas €170,000 in Ionad Fóillíochta an Chóibh.

***Mainistir Fhear Maí***
D'oibrigh Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí le heagraithe imeachtaí ar nós an Fhéile Indiependence, Seó na Rátha agus Railí Idirnáisiúnta 20 Chorcaí chun tacaíocht a thabhairt don turasóireacht agus nasc níos láidre a chruthú idir Ghrúpaí Comhpháirtíochta Forbartha Baile agus Eagraithe Imeachtaí. Is é an Ceantar Bardasach freisin a mhaoinigh cuid de chur isteach an ghiomnáisiam allamuigh sa Rath agus tá tús curtha aige ar an obair ar Shabhna agus Seomra Gaile Ionad Fóillíochta Mhainistir Fhear Maí.

***Ceann Toirc / Mala***
Mhaoinigh Ceantar Bardasach Cheann Toirc/Mhala tionscnaimh ar nós uasghrádú limistéar poiblí, soláthar comharthaíochta, troscáin sráide, pábháil, athchóiriú chearnóg an bhaile i gCeann Toirc, feabhsúchán ar spás & áiseanna poiblí san Áth Trasna, an tionscnamh Ealaíon agus imeachtaí Living Space i Mala chomh maith le Comórtas Gairdíní agus Eastáit ar fud an Cheantair. Tá baint ag an gCeantar Bardasach freisin le forbairt Shiúlbhealach Pháirc Bhaile Mhala i gcomhar le comhpháirtíocht Avondhu Blackwater tacaithe ag deontas fóillíochta ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

***Oirthear Chorcaí***
D'oibrigh an Ceantar Bardasach le Comhairle Oidhreachta na hÉireann, le SECAD, leis an Oifig Fiontraíochta Áitiúil, agus leis an mBord Fáilte chun Túr Cloig na hEochaille a oscailt mar áit a thaitneodh le turasóirí. Tar éis rath phobal Bhaile na Martra i gComórtas Pride of Place 2015, d'oibrigh an Ceantar Bardasach le pobal na hInse & pobal Chúil Ó gCorra maidir le comórtas 2016. Nochtaigh an Ceantar Bardasach dealbh i mbaile Mhainistir na Corann ar 1 Iúil, 2016, chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Chath an Somme.

***Iarthar Chorcaí***
Tá an obair ar ionad Linn Snámh Dhún Mhanmhaí beagnach críochnaithe agus táthar ag súil leis go n-osclófar é san earrach, 2017. I rith 2016, d'oscail Teach Mhíchíl Uí Choileáin don phobal agus tá ag éirí thar barr leis. Leanadh ar aghaidh leis an obair uasghrádaithe ar shráid-dreacha i mbailte ar fud an Cheantair le cur i gcrích na n-oibreacha i gCloich na Coillte agus tús á chur le hathchóiriú Chearnóg Wolfe Tone i mBeanntraí. Seoladh Gormbhealach na hAighlinne freisin i 2016.

## Seirbhísí Corparáideacha

**Cruinnithe**
Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as riarachán chruinnithe Chomhairle Contae Chorcaí. I 2016 tharla 21 Chruinniú Comhairle iomlán, 11 chruinniú den Chomhairle Forbartha, agus 11 chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh.

**Méara an Chontae**
Mhair tréimhse oifig an Chomhairleoir John Paul O'Shea ó Mheitheamh 2015 go Meitheamh 2016. Toghadh an Comhairleoir Séamus McGrath mar Mhéara ar Chontae Chorcaí i Meitheamh 2016.

**An Comhairleoir Dan Joe Fitzgerald agus An Comhairleoir Claire Cullinane – RIP**
Chuir scéala báis beirt dár gComhairleóirí gníomhacha i rith 2016 brón orainn.

**Dan Joe Fitzgerald (FF) - RIP**
Fuair Dan Joe Fitzgerald (FF) bás ar an 8 lá de Mhárta. Tionóladh cruinniú speisialta in ómós an Chomhairleora Fitzgerald i Seomraí na Comhairle in Annabella, Mala ar an 11 Márta 2016.
Bhí an Comhairleoir Dan Joe Fitzgerald gníomhach mar chomhalta tofa do Thoghroinn Mhala Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999. Atoghadh é i 2004, 2009 agus arís i 2014 chun ionadaíocht a dhéanamh do Cheantar Bardasach nuachruthaithe na Comhairle, Ceann Toirc/Mala. Ba chomhalta an Comhairleoir Fitzgerald de Chomhairle Baile Mhala agus bhí sé ina Mhéara ar Bhaile Mhala i 2012.
Bhí sé ina chathaoirleach reatha de Cheantar Bardasach Cheann Toirc/Mhala Chomhairle Contae Chorcaí agus ina chathaoirleach ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) d'Fhorbairt Gheilleagrach, ba chomhalta gníomhach é den SPC Tithíochta agus ba chomhalta é den Choiste Leabharlainne agus Stiúrthóir Chomhpháirtíocht Forbartha Mhala agus de Chomhlachas Tráchtála Mhala.

**An Comhairleoir Claire Cullinane (IND) - RIP**
Fuair an Comhairleoir Claire Cullinane bás ar an 13 Nollaig. Tionóladh cruinniú speisialta ar an 17 Nollaig in Ionad Pobail an Chóibh i gcuimhne ar an gComhairleoir Cullinane.
Toghadh an Comhairleoir Claire Cullinane chun Comhairle Contae Chorcaí i mBealtaine 2014 mar Neamhspleách chun ionadaíocht a dhéanamh ar Cheantar Bardasach nuachruthaithe an Chóibh. Bhí sí ina comhalta gníomhach d'Iontaobhas Oidhreachta an Chóibh, de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, den SPC Comhshaoil, den SPC Turasóireachta, den Choiste um Leachta Náisiúnta, agus ba príomhchomhalta í de Choiste Comóradh Céad Bliain 1916.

**Eachtraí Comórtha i 2016**
Bliain iontach ab ea 2016 go háitiúil agus go náisiúnta le daoine ó Phobail éagsúla ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Chorcaí agus le heagraíochtaí eile chun céad bliain Éirí Amach 1916 a chomóradh. Thug an Chomhairle, tríd an gCoiste Comórtha, maoiniú agus comhairle do go leor grúpaí ar fud na Tíre a bhí ag ullmhú agus ag cur i gcrích a gcuid tionscnamh, agus d'éirí thar barr leis na comhfhiontar seo ar fad.

**Fáiltiú Cathartha do na Deartháireacha O'Donovan**
Ar an 31 Lúnasa, thug Méara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Seamus McGrath, Fáiltiú Cathartha i Halla an Chontae in ómós do Paul agus Gary O'Donavan as an Sciobairín. Rinne na laochra rámhaíochta rud nach ndearnadh riamh cheana i stair spóirt na hÉireann agus an bonn airgid a bhaint leo sa chomórtas céaslaire beirte éadrom-mheáchain ag na Cluichí Oilimpeacha i Rio de Jeneiro. D'fháiltigh slua ollmhór a bhí bailithe i bhfoyer Halla an Chontae na deartháireacha. Thug an Méara, agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, moladh agus comhghairdeas do na fir spóirt as a gcuid gaiscí agus as spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a chleachtaíonn spóirt. Bhí slua mór de Chomhaltaí ó Chumann Rámhaíochta na lúthchleasaithe,d'fhoireann na Comhairle, de na meáin agus den phobal i láthair ar an ócáid.



***Fáiltiú Cathartha do na Deartháireacha O'Donavan, Bonnbhuaiteoirí Oilimpeacha***
***Sa Ghrianghraf: (Ó chlé go deas ) An Méara Séamus McGrath, Paul O'Donovan, Gary O'Donovan, agus an tUasal Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí***

**Gearáin ó Chustaiméirí**
I 2016, fuarthas 14 gearán ó chustaiméirí faoi Nósanna Imeachta Gearáin Chomhairle Contae Chorcaí. Thángthas ar réiteach sásúil ar gach ceann de na gearáin seo.

**Saoráil Faisnéise**
Bhí méadú suntasach arís i líon na n-iarratas Saorála Faisnéise i rith na bliana. Pléadh le 176 iarratas Saorála Faisnéise i 2016. Díobh seo, ceadaíodh 77 gcinn agus ceadaíodh 57 go pointe áirithe, diúltaíodh 37 iarratas, agus tarraingíodh siar 5 iarratas. Rinneadh 5 iarratas ar athbhreithniú inmheánach.

**Cosaint Sonraí**
Cuireadh 7 iarratas Cosanta Sonraí faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí i 2016. Cuireadh deireadh leis na cásanna ar fad roimh dheireadh na bliana.

**Ombudsman**
Rinneadh 31 chás nua don Ombudsman a athreorú ó Oifig an Ombudsman chuig Comhairle Contae Chorcaí i 2016. Fiosraíodh na cásanna seo ar fad, réitíodh 27 gcinn acu roimh dheireadh na bliana agus bhí 5 cinn gan réiteach ag deireadh na bliana.

**Oifig na Gaeilge.**
Is é cuspóir Oifig na Gaeilge cinntiú go bhfuil ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh go hiomlán ag Comhairle Contae Chorcaí. Is'é an cuspóir atá againn ná go mbeadh Comhairle Contae Chorcaí ina údarás a fháiltíonn & a thacaíonn

le ceart an phobail comhfhreagras a bheith acu linn trí Ghaeilge. I 2016, bhí Oifig na Gaeilge sásta cúnamh maoinithe & tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí a d'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne agus an Oifig Ealaíon do Sheachtain na Gaeilge ar fud an Chontae. D'eagraigh Oifig na Gaeilge go leor imeachtaí eile don fhoireann agus don phobal laistigh de Halla an Chontae, lena n-áirítear léiriú den scannán Mise Éire le caonchead ó Gael Linn. Chuir Oifig na Gaeilge maoiniú ar fáil chun go mbeadh roinnt bhaill den fhoireann in ann freastail ar Ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla. Fuarthas 10 ngearán ó Oifig an Choimisinéir Teanga i 2016. Réitíodh sé cinn de na gearáin sin.

**Coiste Iniúchóireachta agus Iniúchóireacht Inmheánach**
Tá 7 gcomhalta ar an gCoiste Iniúchóireachta. Tá 3 chomhairleoir ar an gCoiste agus 4 ionadaí eachtrach:

- Larry O Dwyer (Cathaoirleach)
- Eileen O Shea
- Ciaran Murphy
- Edel Clancy
- An Comhairleoir Mary Rose Desmond
- An Comhairleoir Declan Hurley
- An Comhairleoir Susan McCarthy

Chruinnigh an Coiste le chéile 6 huaire i rith 2016. Chuir an Coiste i gcrích a Plean Gnó don bhliain 2016 a d'fhaomh an Chomhairle ar dtús, agus ina dhiaidh sin d'eisigh sí a Tuarascáil Bhliantúil faoin bPlean go luath i 2017. Mar chuid de chlár oibre an Choiste, tá clár iniúchóireachtaí ag an Iniúchóireaht Inmheánach a chuirtear i gcrích i rith na bliana agus a chuirtear faoi bhráid na Comhairle i gcaitheamh na gcruinnithe leanúnaigh a tharlaíonn i rith na bliana.

**Staidrimh Fheidhmíochta an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil (NOAC):**
Bhí feidhmíocht dhearfach láidir le feiceáil thar réimse táscairí le torthaí feabhsaithe i 2015 i roinnt mhaith tháscairí.
**Rangú Náisiúnta:**
Rangú níos fearr i 23 tháscairí
Choinnigh muid ár rangú i 19 táscaire
**Comparáid le feidhmíocht Chomhairle Contae Chorcaí i 2014:**
D'fheabhsaigh muid ár bhfeidhmíocht i 19 den 24 tháscaire i gcomparáid le torthaí 2014

Rinne Comhairle Contae Chorcaí feabhas ar leith sa Tithíocht (rangú feabhsaithe nó mar an gcéanna i 14 tháscaire) agus sa Bhailiúchán Ioncaim (d'fheabhsaigh sí ar a feidhmíocht féin i 4 tháscaire).

**Fodhlíthe**
Glacadh le Fodhlíthe Reiligí Chomhairle Contae Chorcaí, 2016, ag Cruinniú den Chomhairle ar an 24ú Deireadh Fómhair, 2016

**Naisc le limistéir Údaráis Áitiúla eile**
I 2016, lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag cothú nasc agus teagmhálacha le limistéir údaráis áitiúla eile. Mar shampla, i mí an Mheithimh 2016 rinne an Chomhairle Comhaontú Cairdis le Ajara, an tSeoirsia. Tá tairbhe suntasach ag na naisc seo chun teagmhálacha geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha a dhéanamh le tíortha thar lear, agus Corcaigh a chur chun cinn mar áit mhealltach chónaithe, infheistíochta agus turasóireachta.

## Aguisín 1- Costais Chomhaltaí 2016

| Cineál | Méid |
|---|---|
| Íocaíochtaí Ionadaíocha | €894,820.48 |
| Liúntas Míosúil | €498,599.66 |
| Liúntas Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh | €44,919.19 |
| Liúntas Chathaoirleach SPC | €27,414.87 |
| Liúntas an Mhéara & an Leasmhéara | €39,298.29 |
| Taisteal, Oiliúint & Comhdhálacha | €106,625.77 |
| **Iomlán** | **€1,611,677.90** |

## Aguisín 2 – Comhdhálacha a ndearnadh freastail orthu i 2015

| Dáta | Comhdháil | Láthair | Líon na ndaoine a fhreastail orthu |
|---|---|---|---|
| Eanáir | Deontais Tithíochta & Scéimeanna | Cloich na Coillte | 1 |
| Márta | Pleanáil le haghaidh Forbartha | Baile Átha Cliath | 1 |
| Márta | Luach Rialtas Áitiúil | Loch Garman | 2 |
| Márta | Comhdháil Bhliantúil 1916 | Loch Garman | 1 |
| Aibreán | Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | Cloich na Coillte | 1 |
| Aibreán | An tAcht um Shaoráil Faisnéise & WRC | Leitir Ceanainn | 1 |
| Iúil | Caidreamh Tionsclaíoch & Toghthóirí Chomhairleoirí | Loch Garman | 4 |
| Iúil | Scoil Samhraidh Patrick McGill & Seachtain na nEalaíon | Dún na nGall | 3 |
| Samhain | Ag Atógáil Éireann- Plean Gníomhaíochta um Thithíocht & | Lú | 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Easpa Dídine | | |
| Samhain | Morgáiste Cheannaitheoirí Tí Céaduaire | Cloich na Coillte | 1 |
| Nollaig | BREXIT – Na hiarmhairtí Eacnamaíoch d'Éirinn | Lú | 3 |

## Aguisín 3 – Comhdhálacha Oiliúna a nDearnadh Freastail orthu i 2016

| Dáta | Comhdháil | Láthair | Líon na ndaoine a fhreastail orthu |
|---|---|---|---|
| Feabhra | Seirbhísí Sábháilteachta Údaráis Áitiúla | Port Láirge | 11 |
| Aibreán | Seimineár Oiliúna an Earraigh LAMA | Sligeach | 28 |
| Aibreán | Comhdháil Pleanála | Baile Átha Luain | 13 |
| Bealtaine | Comhdháil SICAP | Baile Átha Cliath | 1 |
| Bealtaine | Tríú Chomhdháil Bhliantúil AILG | Dún na nGall | 22 |
| Bealtaine | Seirbhísí Cultúrtha Údaráis Áitiúla | Leitir Ceanainn | 9 |
| Bealtaine | Seirbhísí Cultúrtha Údaráis Áitiúla | Cill Airne | 4 |
| Meitheamh | Pleanáil Údaráis Áitiúla | An Clár | 7 |
| Iúil | Ionduchtú le haghaidh Comhaltaí Comhthofa AILG | Baile Átha Cliath | 3 |
| Meán Fómhair | Modúl Oiliúna a 4 AILG | Gaillimh | 2 |
| Meán Fómhair | Modúl Oiliúna a 4 AILG | An Longfort | 1 |
| Meán Fómhair | Seimineár Oiliúna an Fhómhair LAMA | Corcaigh | 4 |
| Deireadh Fómhair | Seimineár an Fhómhair AILG | Loch Garman | 3 |
| Deireadh Fómhair | Modúl Oiliúna a 5 AILG | Cill Chainnigh | 3 |
| Samhain | Todhchaí na Pleanála & na hAiltireachta | Baile Átha Cliath | 2 |
| Samhain | Modúl Oiliúna a 6 AILG | Loch Garman | 14 |
| Samhain | Uiscebhealaí Éireann | Corcaigh | 1 |
| Samhain | Modúl Oiliúna a 6 AILG | Baile Átha Cliath | 20 |

## Aguisín 4 - Taisteal Eile 2016

| Dáta | Imeacht | Láthair | Líon na ndaoine a fhreastail orthu |
|---|---|---|---|
| Eanáir | Dámhachtainí IPB Comhairle agus Pobail Lama 2016 | Baile Átha Cliath | 2 |
| Aibreán | Árachas IPB 2016 | Baile Átha Cliath | 1 |
| Bealtaine | Comhdháil SICAP, Óstán Gibson, Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Meitheamh | Dámhachtainí Ailtireachta Bhaile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Meitheamh | Cruinniú le T.I.I | Baile Átha Cliath | 1 |
| Iúil | Cruinniú leis an Údarás Póilíneachta | Baile Átha Cliath | 1 |
| Iúil | Seoladh Leader | An Cabhán | 1 |
| Lúnasa | Imeacht LCDC, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Meán Fómhair | Imeacht Tacaíochta SICAP, Óstán Aisling, Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 2 |
| Meán Fómhair | Lá Comhairliúcháin leis an Údarás Póilíneachta, Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Meán Fómhair | Dinnéar Londain Chomhlachas Chorcaí | Londain | 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Meán Fómhair | Dámhachtainí Fiontraíochta ILDN Óstán Gibson Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Deireadh Fómhair | Cuairt chuig Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh | Aontroim | 1 |
| Deireadh Fómhair | Coiste na Réigiún | An Bhruiséil | 1 |
| Deireadh Fómhair | Cruinniú Boird Energy of Cities | | 1 |
| Samhain | Dámhachtainí Pride of Place | Baile Átha Cliath | 3 |
| Samhain | Dámhachtainí Uirbeachais | | 2 |
| Samhain | Seimineár maidir le Comhoibriú LEADER Tuaisceart agus Deisceart | Baile Átha Cliath | 1 |
| Samhain | Fóram na bPobal Náisiúnta Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Samhain | Imeacht LCDC Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Samhain | Fóram na bPobal Náisiúnta Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | 1 |
| Samhain | Cuairt Staidéir go dtí an Bhruiséil | An Bhruiséil | 10 |

Comhairle Contae Chorcaí
An Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí 2016
Athbhreithniú ar na torthaí

## Clár Ábhair

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
Achoimre ar Fheidhmíocht Soláthar Seirbhísí
Feidhmíocht Oibiachtúil ASDP aonair
Cairt Eagraíochta
Cairt Táscairí Feidhmíochta

# Réamhrá

A Chomhalta
Fáilte chuig an Athbhreithniú Bliantúil ar Thorthaí an Phlean um Sholáthar Seirbhísí 2016.
Is í aidhm an Phlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí (ASDP) Doiciméad Corparáideach a chur ar fáil a leagan amach cuspóirí 2016 maidir le soláthar seirbhísí agus caighdeáin fheidhmíochta. Bhailigh an ASDP a chuid eolais go príomha ó na hábhair seo a leanas:

- A buiséad a glacadh leis i 2016
- Ceanglais Reachtacha an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus reachtaíocht/rialacháin ábhartha eile
- Pleananna/straitéisí Chomhairle Contae Chorcaí lena n-áirítear Plean Corparáideach 2015-2019
- Beartas an Rialtais Náisiúnta
- Comhaontuithe Seirbhíse atá ann cheana
- Acmhainní foirne agus airgeadais atá ar fáil


Scrúdaíonn an doiciméad Athbhreithnithe Torthaí seo rath Chomhairle Contae Chorcaí na cuspóirí seo a bhaint amach. Is féidir glacadh leis mar sin go raibh feidhmíocht láidir ag Comhairle Contae Chorcaí i gcomhthéacs athraitheach san earnáil, gur dhéileáil sí le héilimh nach rabhthas ag súil leo agus go ndeachaigh sí i dtaithí go tapa ar riachtanais athraitheacha ár saoránaigh.
Ach go háirithe

- Tugadh aghaidh ar 111 chuspóir i 2016
- Baineadh amach 91 chuspóir roimh an cheathrú chuid de 2016 (82%)
- Rinneadh 16 chuspóir a bhaint amach go pointe áirithe agus táthar fós ag obair orthu (14.5%)
- Níor éirigh linn 4 chuspóir a chur i gcrích (3.5%)


Tá tuilleadh eolais faoi na torthaí seo le fáil sa mhír Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí ar Leathanach 6
Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na Comhaltaí Tofa as obair le chéile chun ár gcuspóirí coitinne a bhaint amach agus táim cinnte go mbeidh feidhmíocht láidir againn arís i 2017.
An tUasal Tim Lucey
Príomhfheidhmeannach – Comhairle Contae Chorcaí

# Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí

Shainaithin ASDP 2016 111 chuspóir ar leith trasna 11 Stiúrthóireacht/Fheidhmíocht agus léiríonn an chairt seo a leanas an caighdeán críochnaithe reatha




Léiríonn an chairt seo a leanas an caighdeán críochnaithe de réir Stiúrthóireacht.




Léiríonn na treochtaí do chuspóirí "Bainte Amach go Pointe Áirithe" na nithe seo a leanas

- Táthar ag obair ar gach cuspóir agus táthar ag súil leis go mbainfear amach na bunchuspóirí
- Is iad sáraithe ama an fhadhb choiteann do na cuspóirí seo ar fad
- Díobh seo
- tá moill bheag ar 3 cinn (.i. <3mhí) (Míreanna 36, 74, 108)
- tá 1 amháin ag fanacht le cinneadh deiridh Chomhairle Contae Chorcaí (Mír 39)
- Cuireadh 1 amháin ar athlá de bharr athrú struchtúrach inmheánach (Mír 15)
- Tá 5 cinn ag fanacht ar chinneadh deireadh ó ghníomhaí eachtrach (Míreanna 37, 38, 48, 49, 81)
- Bhí athdhearadh ag teastáil ó 3 cinn de bharr chastacht an tionscnaimh (Míreanna 106, 107) nó dearadh an chórais (54)

- o Cuireadh ord tosaíochta nua ar 3 cinn de bharr bhrúnna nach rabhthas ag súil leo ar acmhainní (béim ar leith ar dheisiú de bharr damáiste ó stoirmeacha) (Míreanna 104, 105) nó de bharr éilimh a bheith níos mó ná na hacmhainní a bhí ar fáil (Mír 50)

Ó thaobh Cuspóirí "Nár Baineadh Amach", ba é spleáchas ar ionchur ghníomhaireachtaí eachtracha an phríomhchúis nár baineadh amach Cuspóirí 33,34,35 agus ba é easpa acmhainní daonna an phríomchúis nár baineadh amach Cuspóir 52.
Mar chríoch, bhain ASDP 2016 amach an chuid is mó dá chuspóirí. É sin ráite, bhí tionchar diúltach ag castacht thionscnamh; socraithe eachtracha agus freagairt d'eachtraí nach rabhthas ag súil leo ar mhionlach beag de na tionscnaimh. Cuirfear na tionscnaimh seo chun tosaigh in ASDP 2017, más iomchuí.

# Feidhmíocht Chuspóirí ASDP Aonair

| Mír | Roinn | Príomhsheirbhís | Cuspóir ASDP | Caighdeán Feidhmíochta | Críochnaitheacht Caighdeáin Feidhmíochta | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Seirbhísí Corparáideacha | An Ghaeilge | Ár gceanglas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Úsáid na Gaeilge i measc na foirne a chur chun cinn. | An Ghaeilge a thacú agus a chur chun cinn sna straitéisí forbartha áitiúla | Bainte Amach | |
| 2 | Seirbhísí Corparáideacha | Cód Caiteachais Phoiblí | Ceanglais Chóid Chaiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Aonad Forbartha Eagraíochta | Oiliúint sa Chód Caiteachais Phoiblí a thabhairt don fhoireann ábhartha | Bainte Amach | |
| 3 | Seirbhísí Corparáideacha | Cód Caiteachais Phoiblí | Ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Aonad Forbartha Eagraíochta | Freagraí curtha isteach chuig an NOAC laistigh den achar ama is gá | Bainte Amach | |
| 4 | Seirbhísí Corparáideacha | Comhaltaí Tofa | Ról daonlathach chomhaltaí tofa na Comhairle a fhorbairt i gcónaí | Glacadh le beartais ag leibhéal an Chontae agus na gCeantar Bardasacha chun freagairt do riachtanais phobail | Bainte Amach | |
| 5 | Seirbhísí Corparáideacha | Clár na dToghthóirí | Cinntiú go bhfuil Clár na dToghthóirí do Chontae Chorcaí suas chun dáta agus gan bhotúin le go mbeidh gach toghthóir atá i dteideal vótáil in ann a gceart daonlathach a fheidhmiú. | Clár na dToghthóirí suas chun dáta agus gan bhotúin | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Seirbhísí Corparáideacha | Plean Corparáideach | Córas monatóireachta agus feidhmithe a fhorbairt chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm | Glacadh le prótacal monatóireachta agus feidhmithe | Bainte Amach | |
| 7 | Seirbhísí Corparáideacha | Iniúchóireacht Inmheánach | Plean Iniúchóireachta Inmheánaí do 2016 a Ullmhú agus a Chur i bhFeidhm | Plean Iniúchóireachta Inmheánaí faofa agus á chur i bhfeidhm | Bainte Amach | |
| 8 | Seirbhísí Corparáideacha | Bainistíocht maidir le Riosca | Beartas Bainistíochta maidir le Riosca Corparáideach na Comhairle a chur i bhfeidhm | Athbhreithniú agus uasdhátú ar an gClár Riosca Corparáideach faoi dhó sa bhliain | Bainte Amach | |
| 9 | Seirbhísí Corparáideacha | Bainistíocht Feidhmíochta | Socraithe tuairiscithe agus monatóireachta a fhorbairt le haghaidh cur i bhfeidhm chórais bhainistíochta agus fhorbartha feidhmíochta (CBFF) | Socraithe tuairiscithe agus monatóireachta curtha i bhfeidhm agus forbartha | Bainte Amach | |
| 10 | Seirbhísí Corparáideacha | Catalóig Seirbhísí | Catalóig Seirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus a choinneáil suas chun dáta | Catalóig Seirbhísí suas chun dáta | Bainte Amach | |
| 11 | Seirbhísí Corparáideacha | Athbhreithniú ar Sheirbhísí do Chustaiméirí | Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí do chustaiméirí agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do chustaiméirí a oiread agus is féidir | Tús curtha leis an athbhreithniú ar sheirbhísí do chustaiméirí | Bainte Amach | |
| 12 | Seirbhísí Corparáideacha | Athbhreithniú ar Sheirbhísí do Chustaiméirí | Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí do chustaiméirí agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do chustaiméirí a oiread agus is féidir | Clár feabhsaithe seirbhíse curtha i bhfeidhm | Bainte Amach | |
| 13 | Seirbhísí Corparáideacha | Cumarsáid | Straitéis Chumarsáide a fhorbairt ag cur san áireamh na Treoirlínte LGMA a foilsíodh le déanaí | Straitéis Chumarsáide forbartha. | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **14** | **Seirbhísí Corparáideacha** | **Cumarsáid** | **Straitéis Chumarsáide a fhorbairt ag cur san áireamh na Treoirlínte LGMA a foilsíodh le déanaí** | **Méadú ar úsáid mheáin shóisialta** | **Bainte Amach** | |
| **15** | **Seirbhísí Corparáideacha** | **Cumarsáid** | **Straitéis Chumarsáide a fhorbairt ag cur san áireamh na Treoirlínte LGMA a foilsíodh le déanaí** | **Cur le rath an fhoilsiúcháin "Your Council Matters" trí thuilleadh leabhráin a fhoilsiú.** | **Bainte Amach** | |
| **16** | **Seirbhísí Corparáideacha** | **Bainistíocht maidir le Riosca** | **Beartas Bainistíochta maidir le Riosca Corparáideach na Comhairle a chur i bhfeidhm** | **Beartas Bainistíochta maidir le Riosca a chur i bhfeidhm** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Cuireadh an nuashonrú den Chlár um Riosca Corparáideach ar athlá de bharr athraithe i struchtúr na hardbhainistíochta Déanfar athbhreithniú faoi dhó sa bhliain ó thús 2017 ar aghaidh** |
| **17** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach** | **An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thaobh Ghníomhaíochtaí Geilleagracha.** | **Bonneagar Forbartha don Gheilleagar a Sholáthar agus a Bhainistiú** | **Bainte Amach** | |
| **18** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach (EDF)** | **Beartas leasaithe an Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach a chur i bhfeidhm** | **Méadraigh maidir le teacht isteach eacnamaíoch a fhorbairt chun measúnú fheidhmeanna CEF a éascú** | **Bainte Amach** | |
| **19** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Forbairt an Tionscail Bhia** | **Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéis réigiúnach bia** | **Tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht an chomhordaitheora réigiúnaí agus do tháirgeadh na straitéise bia réigiúnaí** | **Bainte Amach** | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Oiliúint Ghnó** | **Oiliúint ghinearálta ghnó, forbairt bhainistíochta agus cláir mheántóireachta a fhorbairt agus a sholáthar** | **Cláir bhainistíocht sainearnála agus bainistíochta fadtéarmaí a fhorbairt agus a sholáthar - tá 6 +MDPnna le tarlú, agus tá 70+ úinéir gur bainisteoirí iad chun páirt a ghlacadh sna cláir agus iad a chríochnú** | **Bainte Amach** | |
| **21** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara** | **Dul i dteagmháil go gníomhach leis na páirtithe leasmhara ábhartha a bhfuil baint acu le cur chun cinn gníomhaíochtaí fiontair agus fiontraíochta chun tairbhe forbairt ghnó agus chruthú fostaíochta** | **Na prótacal atá ann cheana a fhorbairt go gníomhach le réimse eagraíochtaí náisiúnta/bearnaí a shainaithint agus eagraíochtaí a d'fhéadfadh gníomhaíocht fhiontraíochta a fheabhsú** | **Bainte Amach** | |
| **22** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta** | **Gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chorcaí a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa Straitéis Turasóireachta** | **Gaoil shonracha a fhorbairt le páirtnéirí a thacaíonn le cur chun cinn bealaí díreacha chuig aerfort Chorcaí** | **Bainte Amach** | **Cuireadh tús leis an bpróiseas i mBealtaine 2016 ag cruinniú a d'eagraigh rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí inar ghlac ionadaithe sinsearacha d'Aerfort Chorcaí, do Chomhairle Chathair Chorcaí, do Chomhairle Contae Chorcaí & agus comhairleoir Turasóireachta páirt ann.** |
| **23** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta** | **Tacaíocht a thabhairt do bhunú agus feidhmiú Visit Cork.** | **Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm straitéise crúsála** | **Bainte Amach** | **Is í Clodagh Henehan, an Bainisteoir Roinne le haghaidh Iarthar Chorcaí, atá ag bainistiú ionchur Chomhairle Contae Chorcaí maidir le forbairt Straitéise Crúsála Náisiúnta** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **24** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta** | **Tacaíocht a thabhairt do bhunú agus feidhmiú Visit Cork.** | **Tacaíocht a thabhairt do bhunú Bhoird agus Ghrúpa Comhairliúcháin ar son Promoting Cork Teo.** | **Bainte Amach** | **Bord agus Grúpa Comhairliúcháin bunaithe** |
| **25** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil** | **Tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí na 3 Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil i bpleanáil, comhordú agus cur i bhfeidhm chláir/idirghabhálacha forbartha pobail** | **Comhlíonadh ceanglais bheartais agus oibríochtúla na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** | **Bainte Amach** | |
| **26** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil** | **Tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí na 3 Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil i bpleanáil, comhordú agus cur i bhfeidhm chláir/idirghabhálacha forbartha pobail** | **Bainistíocht agus maoirseacht rathúil ar an gclár SICAP i 2016** | **Bainte Amach** | |
| **27** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Comhchoiste Póilíneachta** | **Tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí Chomhchoiste Póilíneachta Chontae Chorcaí** | **Plean Comhphóilíneachta 6 bliana a ullmhú don chontae agus glacadh leis** | **Bainte Amach** | |
| **28** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Clár um Fhorbairt Tuaithe LEADER** | **Tacaíocht a thabhairt do na Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil ar mhaithe le stádas mar Ghrúpa Áitiúil Ghníomhaíochta LEADER (LAG) a bhaint amach dóibh** | **Seoladh agus cur ar fáil an chláir Clár um Fhorbairt Tuaithe LEADER áit a bhfuil rath ar Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil stádas mar Ghrúpa Áitiúil Ghníomhaíochta LEADER a bhaint amach** | **Bainte Amach** | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **29** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae Chorcaí** | **Tacaíocht a thabhairt d'oibríochtaí Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chorcaí (Rúnaíocht, 3 PPNnna Roinne, 8 PPNnna MD, agus nascghrúpaí) chun cabhrú le pobail agus eagraíochtaí áitiúla páirt a ghlacadh i gceapadh beartais an rialtais áitiúil** | **Méadú tagtha ar líon na ngrúpa cláraithe le PPN Chontae Chorcaí** | **Bainte Amach** | |
| **30** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae Chorcaí** | **Straitéis a fhorbairt chun líon na ndaoine cláraithe mar chomhalta den PPN a mhéadú** | **Feasacht faoi Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chorcaí curtha chun cinn ar líne, trí na meáin shóisialta, agus tríd fheachtas brandála sonrach** | **Bainte Amach** | |
| **31** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail** | **Forbairt na gnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a éascú** | **Ionchur agus tacaíocht tugtha don Fhoireann Tionscnaimh agus don Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach** | **Bainte Amach** | |
| **32** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail** | **Forbairt na gnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a éascú** | **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail glactha ag an gComhairle** | **Bainte Amach** | |
| **33** | **Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht** | **Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach (EDF)** | **Tomhas do theacht isteach eacnamaíoch ar infheistíocht EDF a sholáthar** | **Prótacáil a fhorbairt le haghaidh iarthomhas a dhéanamh ar theacht isteach eacnamaíoch agus cruthaithe fostaíochta** | **Níor Baineadh Amach** | **Níor leagadh amach na critéir le haghaidh tomhais a dhéanamh ar theacht isteach eacnamaíoch ar infheistíocht EDF go fóill** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 34 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Bonneagar agus Taitneamhachtaí Turasóireachta a Sholáthar agus a Bhainistiú | Eispéiris chuairteoirí a shainaithint agus a fheabhsú ionas gur féidir iad a mhargú agus a dhíol ar líne agus tríd gnáthionaid dhíolacháin | Pleananna forbartha agus tograí gnó a ullmhú le haghaidh eochairthaitneamhachtaí ar le Comhairle Contae Chorcaí iad | Níor Baineadh Amach | Bhí Comhairle Contae Chorcaí ag fanacht le tosach feidhme an Bhainisteora Ceann Scríbe agus an Bhainisteora Margaíochta a ceapadh, le comhpháirtithe tábhachtacha eile, chun 28 gníomh a chur i gcrích a bhfuil cur síos déanta acu sa cháipéis Growing Tourism in Cork – A Collective Strategy (2016 – 2020) a seoladh in Eanáir, 2016. Níor thosaigh an Bainisteoir Ceann Scríbe ina phost go dtí Deireadh Fómhair, 2016, agus níor thosaigh an Bainisteoir Margaíochta go dtí Mí na Samhna, 2016. Chuir sé seo isteach ar chur i gcrích an chuspóra seo. |
| 35 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Bonneagar agus Taitneamhachtaí Turasóireachta a Sholáthar agus a | Eispéiris chuairteoirí a shainaithint agus a fheabhsú ionas gur féidir iad a mhargú agus a dhíol ar líne agus tríd gnáthionaid dhíolacháin | Staidéar ar iompar turasóireachta a thosnú chun rochtain ar na taitneamhachtaí a mheasúnú agus a fheabhsú | Níor Baineadh Amach | Bhí Comhairle Contae Chorcaí ag fanacht le tosach feidhme an Bhainisteora Ceann Scríbe agus an Bhainisteora Margaíochta a ceapadh, le |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bhainistiú | | | | comhpháirtithe tábhachtacha eile, chun 28 gníomh a chur i gcrích a bhfuil cur síos déanta acu sa cháipéis Growing Tourism in Cork – A Collective Strategy (2016 – 2020) a seoladh in Eanáir, 2016. Níor thosaigh an Bainisteoir Ceann Scríbe ina phost go dtí Deireadh Fómhair, 2016, agus níor thosaigh an Bainisteoir Margaíochta go dtí Mí na Samhna, 2016. Chuir sé seo isteach ar chur i gcrích an chuspóra seo. |
| 36 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Infheistíocht a mhealladh go Corcaigh | An Plean Gníomhaíochta um Fostaíochta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, go háirithe nuair atá Comhairle Contae Chorcaí ina príomhshaineolaí | Oibriú i gComhpháirt le gníomhaireachtaí rialtais eile agus leis an earnáil phríobháideach chun Corcaigh a chur chun cinn mar láthair mhealltach le haghaidh deiseanna infheistíochta isteach agus tionscnaimh fostaíochta a thacú | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairleoir do Bhranda Chorcaigh a earcú go luath i 2017 |
| 37 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Leathanbhanda | Deiseanna le haghaidh leathanbhanda níos fearr a chur ar fáil i bpobail tuaithe a oiread agus is féidir | Feabhas ar rochtain agus ar chainníocht leathanbhanda ar fud na tíre | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Le hullmhúchán na tosaíochtaí don chonradh NBP, ta a ról mar chomhalta den Ghrúpa Gníomhaíochta Leathanbhanda an Deiscirt comhlíonta ag Comhairle Contae Chorcaí. Déanfar an conradh a bhronnadh i 2017. Chabhraígh Comhairle Contae Chorcaí le cuir isteach leathanbhanda i mbailte taobh amuigh den NBP trí Wi-Fi na Comhairle Baile agus |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | conarthóirí eile. |
| 38 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta | Tacaíocht a thabhairt do bhunú agus feidhmiú Visit Cork. | Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt idir Promoting Cork Teo. agus a chomhaltaí | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Tá idirbheartaíocht á dhéanamh ar an bpróiseas faoi láthair le hionchur Chomhairle Contae Chorcaí á bhainistiú ag Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach |
| 39 | Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht | Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail | Forbairt na gnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a éascú | Dul chun cinn déanta maidir leis na Socruithe Feidhmithe | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Roghanna feidhmithe curtha ar aghaidh go dtí an Ardbhainistíocht le haghaidh cinntí |
| 40 | Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála | Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin | Seirbhís dóiteáin choistheach, cosanta agus freagairt a chur ar fáil atá oiriúnaithe do rioscaí sainaitheanta áitiúla de réir an Treoraithe Náisiúnta | Glacadh le Plean Oibríochta Dóiteáin & Éigeandála leasaithe de réir Ailt 26 de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin | Bainte Amach | |
| 41 | Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála | Rialú Foirgníochta | Na fógraí tosach feidhme, na fógraí 7 lá agus na Deimhnithe um Chomhlíonadh a phróiseáil de réir na Rialacháin um Rialú Foirgníochta chomh luath agus a chuirtear i gcrích iad. | Comhlíonadh níos fearr de na rialacháin fhoirgníochta a bhaint amach tríd Chóras Bainistíochta Rialú Foirgníochta a chur i bhfeidhm. | Bainte Amach | |
| 42 | Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála | Tránna/Sábháilteacht Uisce | An leibhéal is Airde Sábháilteachta Uisce a Chinntiú | Gardaí Tarrthála Trá a cheapadh i gcónaí do thránna ar a raibh siad gníomhach cheana | Bainte Amach | Oibriúchán agus bainistíocht thránna faoi Stiúrthóireacht na gCeantar Bardasach |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **43** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **Tránna/Sábháilteacht Uisce** | **An Leibhéal is Airde Sábháilteachta Uisce a Chinntiú** | **Scéim samplála a chur i bhfeidhm do thránna sainaitheanta** | **Bainte Amach** | |
| **44** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **Tránna/Sábháilteacht Uisce** | **Dea-chaighdeán Tránna a Chinntiú** | **Comharthaíocht agus áiseanna caighdeánacha a fhorbairt do thránna** | **Bainte Amach** | **Oibriúchán agus bainistíocht thránna faoi Stiúrthóireacht na gCeantar Bardasach** |
| **45** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **Bainistíocht Fuinnimh** | **Úsáid fuinnimh Chomhairle Contae Chorcaí a laghdú i gcomhréir le spriocanna beartais náisiúnta** | **ISO 50001 a bhaint amach** | **Bainte Amach** | |
| **46** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **Sláinte Phoiblí Tréidliachta** | **Baineadh amach cuspóirí sláinte phoiblí tréidliachta, a bhaintear amach tríd aon oibríocht déag éagsúil.** | **Cur i bhfeidhm Chomhaontais Seirbhíse Chomhairle Contae Chorcaí le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI).** | **Bainte Amach** | |
| **47** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **Bainistiú Dramhaíola** | **Spriocanna maidir le Rialachán, Forfheidhmiú agus Bhonneagar Dramhaíola a bhaint amach mar a cheanglaítear le Plean Iniúchta bliantúil an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).** | **Sceidil reachtacha d'Iarratais Cheadúnais a chomhlíonadh** | **Bainte Amach** | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **48** | **Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála** | **An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA)** | **Cur i bhfeidhm plean gnó a ghlac an Coiste Stiúrtha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola** | **Comhaontais Seirbhíse a dhéanamh le húdaráis áitiúla bunreachta sa réigiún theas** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Ceapadh ASDP do na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAnna) don bhliain 2016 a bhfuil 8 bpríomhseirbhís aige do 2016. Tugadh cuspóirí agus tuarascálacha ar dhul chun cinn do gach seirbhís chun feidhmíocht na WERLAnna i gcomparáid leis an ASDP agus cuireadh iad seo faoi bhráid Choiste Comhshaoil Chumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach (CCMA) agus an Ghrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (PSROG). Ghlac an CCMA agus an PSROG leis an gComhaontú Seirbhíse idir na WERLAnna agus na hÚdaráis Áitiúla bunreachta agus scaipeadh an cuireadh an comhaontú ar aghaidh chuig na hÚdaráis Áitiúla chun go síneofaí é roimh an 1/12/16. Léiríodh roinnt imní, áfach, agus rinneadh an Comhaontú Seirbhíse a tharchur ar ais go dtí an CCMA & an PSROG** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 49 | Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála | Cáilíocht Uisce | Comhlíonadh na spriocanna a leagtar síos sa Phlean Iniúchta Comhshaoil (RMCEI) agus i gComhaontú Seirbhíse Uisce Éireann | 100% de cheanglais samplála, tástála agus tuairiscithe le haghaidh soláthair uisce óil poiblí a chomhlíonadh mar a leagtar síos sa Phlean Iniúchta Comhshaoil (RMCEI) agus sa Chomhaontú Seirbhíse | Bainte Amach go Pointe Áirithe | 100% de shampláil uiscí óil poiblí bainte amach. Tá na torthaí deireanacha ó mhí na Nollag 2016 á uaslódáil chuig LIMnna & EDEN mar a fhoráiltear sa Chomhaontas Seirbhíse Nuair a bheidh na torthaí ar fad uaslódaithe faoi lár mhí Eanáir, táthar ag súil leis go mbeidh 99% de na tástálacha críochnaithe agus go mbeidh 100% le tuairisciú |
| 50 | Airgeadas | Riarachán & Bailiúchán Rátaí | Na Leibhéil Bhailiúcháin a Mhéadú a oiread agus is féidir | An punann cuntais á bhainistiú go héifeachtúil, lena n-áirítear tionscnamh éifeachtúil agus tráthúil de na himeachtaí dlí | Bainte Amach | |
| 51 | Airgeadas | Buiséadú & Tuairisciú Airgeadais | An Buiséad Reachtúil a ullmhú le haghaidh 2017 | Dul i dteagmháil le go leor pháirtithe leasmhara lena n-áirítear comhaltaí tofa tríd an nGrúpa Beartais Chorparáidigh chun Buiséad Ioncaim a tharraingt suas do 2017. | Bainte Amach | |
| 52 | Airgeadas | Buiséadú & Tuairisciú Airgeadais | Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú & a Fhoilsiú. | Idirbhirt chruinne agus thráthúla a chinntiú sa Chóras Bainistíocht Airgeadais (FMS) le cur i bhfeidhm nósanna imeachta dúnta síos tráthúla chun a chinntiú go gcríochnaítear Theacht Isteach AFS/Qty go tráthúil roimh spriocdhátaí na Roinne. | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 53 | Airgeadas | Buiséadú & Tuairisciú Airgeadais | Teacht Isteach Ráithiúla éagsúla a Ullmhú ( Pá Rolla, Iasachtaí &GGB). | Teacht Isteach Ráithiúla éagsúla a Ullmhú ( Pá Rolla, Iasachtaí &GGB). | Bainte Amach | |
| 54 | Airgeadas | Féichiúnaithe/Bainistíocht Deontais & Tarraingt Anuas | An méid is mó agus is féidir a fháil ar ais ó Fhéichiúnaithe/Éilimh Dheontais | Athbhreithniú ar fhiacha gan íoc a dhéanamh go rialta. | Bainte Amach | |
| 55 | Airgeadas | Mótarcháin | Seirbhís éifeachtúil Cuntair agus Poist do Mhótarcháin a chur ar fáil. | Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chomhaontuithe seirbhíse | Bainte Amach | |
| 56 | Airgeadas | Bainistíocht Chistíochta & baincéireacht | Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas/nósanna imeachta Bainistíochta Cistíochta chun an t-ioncam a mhéadú a oiread agus is féidir. | Athbhreithniú ar an mbeartas/nósanna imeachta Bainistíochta Cistíochta | Níor Baineadh Amach | Chuir an gearradh siar ar acmhainní foirne i lár 2016 isteach ar chumas na roinne an cuspóir seo a chomhlíonadh |
| 57 | Airgeadas | Riarachán & Bailiúchán Rátaí | An Bonn Luacha Inrátaithe Iarbhar a mhéadú a oiread agus is féidir | Na réadmhaoine neamh-inrátaithe a bhaint den Bhonn Rátála | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Riaráiste de chásanna athbhreithnithe san Oifig Luachála, ag déileáil leis na cásanna is práinní |
| 58 | Airgeadas | Buiséadú & Tuairisciú Airgeadais | Clár Caipitil 3 Bliana a Ullmhú. | Clár Caipitil 2017-2020 a nuashonrú. | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Déanfar Clár Caipitil 2017-2019 a chur faoi bhráid na Comhairle sa chéad cheathrú de 2017; De bharr theacht isteach chóras nua chun an próiseas a dhéanamh uathoibríoch níorbh fhéidir an clár a chríochnú roimh 31.12.16 |
| 59 | Tithíocht | Clár Caipitil | Comhlíonadh Chlár Chaipiteal Tithíochta 2016 | Dul chun cinn déanta le hoibreacha tosaíochta an chláir | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 60 | Tithíocht | Soláthar Tithíochta | Leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta, de réir chuspóirí na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020, ag baint úsáide as réimse iomlán na meicníochtaí soláthair atá ar fáil agus ag obair le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun na roghanna soláthair a mhéadú a oiread agus is féidir. | Déanfar rianú agus monatóireacht ar na tionscnaimh ar fad go míosúil. | Bainte Amach | |
| 61 | Tithíocht | Soláthar Tithíochta | Leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta, de réir chuspóirí na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020, ag baint úsáide as réimse iomlán na meicníochtaí soláthair atá ar fáil agus ag obair le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun na roghanna soláthair a mhéadú a oiread agus is féidir. | Tiocfar ar chomhaontú faoi na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh agus cuirfear i bhfeidhm iad chun a chinntiú go gcomhlíonfar na spriocanna atá leagtha síos don tréimhse trí bliana ó 2015 go 2017 (1217 aonad - seachas aonaid Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) agus más féidir go sáraítear na spriocanna sin, ag brath i gcónaí ar mhaoiniú agus fhaomhadh na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. | Bainte Amach | |
| 62 | Tithíocht | Soláthar Tithíochta | Leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta, de réir chuspóirí na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020, ag baint úsáide as réimse iomlán na meicníochtaí soláthair atá ar fáil agus ag obair le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun na roghanna soláthair a mhéadú a oiread agus is féidir. | Tabharfar comhairle ar bhonn ráithiúil ag na cruinnithe do na Coistí Roinne maidir le dul chun cinn agus an SPC. | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 63 | Tithíocht | Athnuachan & Athchóiriú den Stoc Tithíochta | Athchóiriú agus filleadh chuig úsáid tháirgiúil dár réadmhaoine folmha | Leanúint ar aghaidh ag cur oibreacha an chláir aisfheistithe éifeachtúlacht fuinnimh ar fáil do réadmhaoine ar leis na hÚdaráis Áitiúla iad. | Bainte Amach | |
| 64 | Tithíocht | Athnuachan & Athchóiriú den Stoc Tithíochta | Athchóiriú agus filleadh chuig úsáid tháirgiúil dár réadmhaoine folmha | An clár iniúchta Coire a chur ar fáil i gcónaí. | Bainte Amach | |
| 65 | Tithíocht | Athnuachan & Athchóiriú den Stoc Tithíochta | Athchóiriú agus filleadh chuig úsáid tháirgiúil dár réadmhaoine folmha | Clár Leanúnach de Dheontais, d'Oiriúnú agus do Shíntí Tithíochta. | Bainte Amach | |
| 66 | Tithíocht | Athnuachan & Athchóiriú den Stoc Tithíochta | Athchóiriú agus filleadh chuig úsáid tháirgiúil dár réadmhaoine folmha | Clár cothabhála pleanáilte a chur i bhfeidhm. | Bainte Amach | |
| 67 | Tithíocht | Athnuachan & Athchóiriú den Stoc Tithíochta | Athchóiriú agus filleadh chuig úsáid tháirgiúil dár réadmhaoine folmha | Clár oibreacha ar thithe athléasaithe/folmha a chur i bhfeidhm | Bainte Amach | |
| 68 | Tithíocht | Scéim Rogha Tithíochta | Beartas a fhorbairt,agus clár a chur i bhfeidhm chun córas rogha tithíochta a éascú | Dréachtbheartas sa chéad cheathrú den bhliain, cur i bhfeidhm sa dara cheathrú den bhliain, mar thriail phíolótach do Thuaisceart Chorcaí (Ag Brath ar Acmhainní) | Bainte Amach | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 69 | Tithíocht | Tacaíochtaí Tithíochta Sóisialta | Leanacht ar aghaidh le Cur i bhFeidhm na Scéime Cúnaimh Tithíochta | Leanacht ar aghaidh le Cur Chun Cinn Gníomhach na Scéime um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | Bainte Amach | |
| 70 | Tithíocht | Measúnú Tithíochta | Measúnú Riachtanais Tithíochta iomlán a dhéanamh i 2016, chomh luath agus a eisítear Treoirlínte na Roinne | Le déanamh roimh an cheathrú ráithe den bhliain | Bainte Amach | |
| 71 | Tithíocht | Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí | Beartas a Fhorbairt, chomh luath agus a fhoilsítear Treoir Náisiúnta, agus cur i bhfeidhm na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí | Le cur i bhfeidhm sa dara ráithe den bhliain | Bainte Amach | |
| 72 | Tithíocht | Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí | Cur i bhfeidhm na Scéime Ceannaigh Incrimintigh | Tionóntaí a chur ar an eolas roimh dheireadh chéad ráithe na bliana | Bainte Amach | |
| 73 | Tithíocht | Bainistíocht Eastáit | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Bheartas um Iompar Frithshóisialta Chomhairle Contae Chorcaí | Beartas um Iompar Frithshóisialta Chomhairle Contae Chorcaí athbhreithnithe agus nuashonraithe | Bainte Amach | |
| 74 | Tithíocht | Tithíocht Dheonach | Obair i gcomhar le hÚdaráis Tithíochta Faofa chun cur le méid an tsoláthair atá faoi éilimh Thograí (2016 nó roimhe) na Scéime Cúnaimh Caipitil a oiread agus is féidir. | Soláthar na n-aonad ar fad a faomhadh roimh 2016 roimh dheireadh 2017. | Bainte Amach go Pointe Áirithe | Bhí moill ar scéimeanna a rabhthas ag súil leis go mbeadh siad críochnaithe roimh dheireadh 2016; Tá Scéim Cúraim Seanliachta Dhroichead na Bandan á thógáil faoi láthair, b'éigean togra Fellowship House a stopadh agus tairiscintí a lorg arís |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **75** | **Acmhainní Daonna** | **Oiliúint & Forbairt Foirne** | **Riachtanais foghlama & forbarthacha na foirne a athbhreithniú & a chur chun cinn de réir fhorbairt straitéiseach na heagraíochta agus an chórais forbartha um bainistíocht feidhmíochta.** | **Rinneadh tacaíochtaí oiliúna agus forbartha a sholáthar laistigh den bhuiséad atá ar fáil.** | **Bainte Amach** | |
| **76** | **Acmhainní Daonna** | **Oiliúint & Forbairt Foirne** | **Riachtanais foghlama & forbarthacha na foirne a athbhreithniú & a chur chun cinn de réir fhorbairt straitéiseach na heagraíochta agus an chórais forbartha um bainistíocht feidhmíochta.** | **Stádas Creidiúnaithe CPD Innealtóirí Éireann a choinneáil.** | **Bainte Amach** | |
| **77** | **Acmhainní Daonna** | **Caidreamh Foirne** | **Tacaíocht a thabhairt don Bhainistíocht agus don Fhoireann chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht sa riocht is fearr chun déileáil le hualaí oibre, spriocdhátaí, bainistíocht athraithe agus dúshláin sa todhchaí.** | **Tacaíocht a thabhairt más gá** | **Bainte Amach** | |
| **78** | **Acmhainní Daonna** | **Sláinte & Sábháilteacht** | **Cloí le dea-chleachtas Sláinte & Sábháilteacht/leasa trí chomhairliúchán/cumarsáid/seiceáil réamhghníomhach leis an bhfoireann. Feabhas leanúnach a chur ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS), cloí le reachtaíocht shábháilteachta** | **Creidiúnú OHSAS 18001.E an NSAI a choinneáil** | **Bainte Amach** | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **79** | **Acmhainní Daonna** | **Sláinte & Sábháilteacht** | **Cloí le dea-chleachtas Sláinte & Sábháilteacht/leasa trí chomhairliúchán/cumarsáid/seiceáil réamhghníomhach leis an bhfoireann. Feabhas leanúnach a chur ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS), cloí le reachtaíocht shábháilteachta** | **Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Sláinte & Sábháilteachta ar bhonn leanúnach** | **Bainte Amach** | |
| **80** | **Acmhainní Daonna** | **Earcú** | **Cinntiú go leantar an dea-chleachtas is fearr agus go n-earcaítear an fhoireann is oiriúnaí** | **Clár Earcaíochta a léiríonn riachtanais eagraíochtúla na heagraíochta lena n-áirítear solúbthachta agus nuálaíocht** | **Bainte Amach** | |
| **81** | **Acmhainní Daonna** | **Caidreamh Foirne** | **Tacaíocht a thabhairt don Bhainistíocht agus don Fhoireann chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht sa riocht is fearr chun déileáil le hualaí oibre, spriocdhátaí, bainistíocht athraithe agus dúshláin sa todhchaí.** | **Plean a Fhorbairt don Lucht Saothair** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Cainteanna ag dul ar aghaidh le SIPTU** |
| **82** | **TFC** | **Leanúnachas Gnó** | **Rioscaí do leanúnachas gnó agus slándáil sonraí a laghdú / mhaolú** | **Leanúnachas gnó agus córáis athshlánaithe ó thubaiste a fhorbairt** | **Bainte Amach** | |
| **83** | **TFC** | **Tacaíocht a thabhairt do Ranna Cliaint maidir le cur ar fáil phríomhsheirbhísí** | **Seirbhísí tacaíochta teicniúla d'ardchaighdeán a sholáthar i gcónaí** | **Tacaíocht tugtha do chórais oibríochta lárnacha** | **Bainte Amach** | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **84** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Seirbhísí Leabharlainne** | **Seirbhísí Leabharlainne a chothabháil agus a fhorbairt tríd an líonra leabharlann bhrainse agus taistil** | **Cothabháil agus/nó feabhas ar réimse na seirbhísí leabharlainne** | **Bainte Amach** | |
| **85** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Seirbhísí Leabharlainne** | **Leanacht ar aghaidh ag forbairt seirbhísí leabharlainne ar líne** | **Bearta ullmhúcháin tógtha le haghaidh seoladh chóras bainistíochta na leabharlainne náisiúnta roimh chur i bhfeidhm an chórais féin, bearta ar nós ceallú na táillí agus méadú ar fhíneálacha.** | **Bainte Amach** | |
| **86** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Staidéir áitiúla agus seirbhísí taighde** | **Leanacht ar aghaidh ag tacaíocht a thabhairt do staidéir áitiúla agus d'oidhreacht chultúrtha tríd chlár imeachtaí for-rochtana** | **Leabhar a fhoilsiú ar stair an Phríosúin Victeoiriach ar Inis Píc** | **Bainte Amach** | |
| **87** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Páirceanna & Áiseanna Fóillíochta** | **Páirceanna, áiseanna & bonneagar fóillíochta a choinneáil ag leibhéal ard.** | **Clár oibre le haghaidh cothabhála agus feabhsaithe páirceanna, taitneamhachtaí agus áiseanna fóillíochta a fhorbairt** | **Bainte Amach** | |
| **88** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Páirceanna & Áiseanna Fóillíochta** | **Breathnú ar dheiseanna chun an bonneagar atá ann cheana a fheabhsú agus áiseanna nua a fhorbairt.** | **Breathnú ar dheiseanna chun an bonneagar atá ann cheana a fheabhsú agus áiseanna nua a fhorbairt.** | **Bainte Amach** | |
| **89** | **Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe** | **Rannpháirtíocht & Tacaíocht an Phobail** | **Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla maidir le tionscnaimh a bhaineann le taitneamhachtaí áitiúla** | **Na Scéimeanna Deontais Phobail agus Taitneamhachta a bhainistiú chun tacaíocht a thabhairt do Phobail maidir le forbairt agus cothabháil áiseanna áitiúla agus spásanna poiblí.** | **Bainte Amach** | |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 90 | Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe | An Ciste Forbartha Baile | Cinntiú go gcaitear an maoiniú go straitéiseach ionas gur féidir le bailte tairbhe a bhaint as | Pleananna ilbhliantúla forbartha d'eochairbhailte | Bainte Amach | |
| 91 | Oibriúcháin na gCeantar Bardasach/Forbairt Tuaithe | Ceantair Bhardasacha | Breathnú ar dheiseanna soláthar seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na gCeantar Bardasach | Seirbhísí feabhsaithe do Cheantair Bhardasacha a chur i bhfeidhm | Bainte Amach | |
| 92 | Pleanáil agus Forbairt | Beartas Pleanála/Pleanáil Ar Aghaidh | Athbhreithniú ar na Pleananna do Cheantair Áitiúla a chur chun cinn | Pleananna do Cheantair Áitiúla athbhreithnithe agus curtha faoi bhráid na Comhairle | Bainte Amach | Cuireadh i gcrích 8 plean do cheantair áitiúla agus léiríodh iad go poiblí i Nollaig 2016 |
| 93 | Pleanáil agus Forbairt | Beartas Pleanála/Pleanáil Ar Aghaidh | 8 nDréachtphlean do Cheantair Áitiúla sna Ceantair Bhardasacha a ullmhú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. | Cuireadh i gcrích Comhairliúchán Poiblí ar Dhréachtphlean do Cheantair Áitiúla sna Ceantair Bhardasacha | Bainte Amach | Cuireadh i gcrích 8 plean do cheantair áitiúla agus léiríodh iad go poiblí i Nollaig 2016 |
| 94 | Pleanáil agus Forbairt | Eastáit neamhchríochnaithe | Réiteach do na Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a bhainistiú | Laghdú ar líon na bhForbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe | Bainte Amach | Líon na nEastát Neamhchríochnaithe 2010 – 286 Eastát Neamhchríochnaithe 2015 – 138 Eastát Neamhchríochnaithe 2016 – 62 |
| 95 | Pleanáil agus Forbairt | Bainistíocht Forbartha | Leanacht ar aghaidh ag soláthar Seirbhísí Bainistíochta Forbartha inrochtana agus éifeachtúla a thugann tacaíocht réamhghníomhach d'fhás geilleagrach sa chontae | Seirbhís Bainistíochta Forbartha a chomhlíonann sceidil reachtúla go hiomlán | Bainte Amach | Seirbhísí a sholáthar a bhfuil Sceidil Reachtúla acu |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 96 | Bóithre agus Iompar | Feabhsú Bóithre – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | Cur i gcrích na Scéimeanna Feabhsaithe Bóithre arna maoiniú ag Ranníocaíochtaí Forbartha Speisialta agus buiséad Caiptil na Roinne Iompair. | Dul chun cinn déanta maidir le cur i gcrích Scéimeanna Timpistí Ísealchostais. | Bainte Amach | |
| 97 | Bóithre agus Iompar | Bainistíocht Sócmhainní Bóithre | Cur ar fáil chúnamh na Comhairle do chlár oibre na hOifige Bainistíochta Bóithre | Sonraí maidir le sócmhainní bóithre a thabhairt suas chun dáta agus Sceideal Bóithre a fhoilsiú | Bainte Amach | |
| 98 | Bóithre agus Iompar | Bainistíocht Flít | An Flít a Oibriú agus a Chothabháil go sábháilte agus go héifeachtúil ar son Seirbhísí na Comhairle | Córais a bhunú chun comhlíonadh ceanglais an Achta um Ródacmhainneacht Tráchtála a chinntiú | Bainte Amach | |
| 99 | Bóithre agus Iompar | Sábháilteacht ar Bhóithre | Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn trí a) Scéimeanna Feabhsaithe Ísealchostais | Cuireadh i gcrích Scéimeanna Feabhsaithe Ísealchostais de réir an leithdháilte maoinithe | Bainte Amach | Rinneadh roinnt leasanna don chlár tosaigh ach baineadh lánúsáid as an mhaoiniú |
| 100 | Bóithre agus Iompar | Sábháilteacht ar Bhóithre | Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn trí b)Fiosrúchán timpistí marfacha | Fiosrúchán timpistí marfacha | Bainte Amach | |
| 101 | Bóithre agus Iompar | Sábháilteacht ar Bhóithre | Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn trí c)Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Obair le Chéile do Shábháilteacht ar Bhóithre Chorcaí | Plean Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae Chorcaí 2016-2020 a tharraing suas roimh an dara ráithe de 2016 | Bainte Amach | Curtha i gcrích sa dara ráithe agus seolta sa tríú ráithe chun éascaíocht a dhéanamh do na rannpháirtithe |
| 102 | Bóithre agus Iompar | Sábháilteacht ar Bhóithre | Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn trí d)Athbhreithniú ar luasteorainneacha | Athbhreithniú ar luasteorainneacha | Bainte Amach | Ag dul chun cinn de réir an sceidil |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **103** | **Bóithre agus Iompar** | **Forbairt Inbhuanaithe** | **Cur i bhfeidhm bhearta taistil inbhuanaithe a bhaint amach arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair do láthair éagsúla i gContae Chorcaí** | **Cur i gcrích an 10 tionscnamh, a fuair maoiniú deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair** | **Bainte Amach** | |
| **104** | **Bóithre agus Iompar** | **Cothabháil Bóithre** | **An Líonra Bóithre poiblí a chothabháil ar na caighdeáin is airde ar fad agus go héifeachtúil, de réir na sriantachtaí airgeadais agus acmhainne atá ann** | **Soláthar chlár draenála bóithre tuaithe i ngach Ceantar Bardasach** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Curtha i gcrích i nach Ceantar Bardasach seachas ceann amháin ina raibh an fhoireann ag déileáil le deisiúchán damáiste ó stoirmeacha.** |
| **105** | **Bóithre agus Iompar** | **Feabhsú Bóithre – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla** | **Cur i gcrích na Scéimeanna Feabhsaithe Bóithre arna maoiniú ag Ranníocaíochtaí Forbartha Speisialta agus buiséad Caiptil na Roinne Iompair.** | **Cur i gcrích na Scéimeanna Feabhsaithe Bóithre** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Cur i gcrích iomlán na dtionscnamh DTTaS - titim siar ar an tionscnamh caipitil de bharr an ualaigh oibre san oifig deartha a d'eascair as deisithe ar struchtúir a rinne stoirm damáiste dóibh.** |
| **106** | **Bóithre agus Iompar** | **Feabhsú Bóithre – Bóithre Náisiúnta** | **Scéimeanna Bóithre Náisiúnta - a) Scéimeanna atá ar an gClár Infheistíochta Caipitil 2016-2021** | **Spriocanna dul chun cinn don scéim a bhaint amach mar atá leagtha amach ag TII** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Moill ar scéim N28 de bharr gur gá an bealach a athdhearadh mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí** |
| **107** | **Bóithre agus Iompar** | **Feabhsú Bóithre – Bóithre Náisiúnta** | **Scéimeanna Bóithre Náisiúnta - b) Tionscnaimh Phábhála agus Mhionoibreacha** | **Spriocanna dul chun cinn don scéim a bhaint amach mar atá leagtha amach ag TII** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Moill ar phábháil N22 Lios Ardachaidh de bharr deacrachtaí deartha - tairiscintí faighte anois** |
| **108** | **Bóithre agus Iompar** | **Soilsiú Poiblí** | **Oibriú agus cothabháil soilsiú poiblí a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus costais de** | **Clár maidir le laghdú fuinnimh a fhorbairt lena n-áirítear cur i bhfeidhm thiontaithe go soilsiú LED i rith 2016** | **Bainte Amach go Pointe Áirithe** | **Clár forbartha agus táthar ag súil le cur i bhfeidhm iomlán sa chéad ráithe de 2017** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **109** | **Seirbhísí Uisce/Bainistíocht Chósta/Tuilte** | **Cóireáil agus Leithdháileadh Uisce Óil** | **Uisce óil iomlán & folláin a chur ar fáil do gach bhall den phobal, mar ghníomhairí do Uisce Éireann faoi Chomhaontú Seirbhíse** | **Comhlíonadh na Comhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann** | **Bainte Amach** | |
| **110** | **Seirbhísí Uisce/Bainistíocht Chósta/Tuilte** | **Bailiúchán agus Cóireáil Uisce Dramhaíola** | **Cinntiú go bhfuil na córais choireála uisce dramhaíola ag comhlíonadh go hiomlán na ceanglais atá ann faoin gComhaontú Seirbhíse le Uisce Éireann** | **Comhlíonadh na Comhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann** | **Bainte Amach** | |
| **111** | **Seirbhísí Uisce/Bainistíocht Chósta/Tuilte** | **Bainistíocht Tuillte** | **Dul chun cinn Mhórscéimeanna Tuilte (OPW)** | **Cur chun cinn tosaíochtaí maidir le mórscéimeanna agus oibreacha beaga tosaíochta mar atá comhaontaithe leis an OPW** | **Bainte Amach** | |

# Cairt Eagrúcháin Chomhairle Contae Chorcaí 2017



# Torthaí Eochairthoscairí Feidhmíochta CCC 2015/2014

